

**An Roinn Ealaíon, Spóirt agus  
Turasóireachta**

**AN TRÍÚ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**

**2005**

Is é misean na Roinne:

"tacú le dul chun cinn náisiúnta geilleagrach agus sóisialta agus caighdeán saoil shochaí na hÉireann a shaibhriú trí chur chun cinn agus trí fhorbairt inbhuanaithe earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir, an spóirt agus na turasóireachta a éascú agus, ag an am céanna, tríd an tairbhe is fearr a bhaint as an idirghníomhaíocht eatarthu".

<b>Clár na nÁbhar</b>	<b>Leathanach.</b>
Ráiteas Misin	2
Focal ón Aire	4
Réamhrá an Ard-Rúnaí	9
Forléargas ar 2005	12
Dul chun cinn i leith Spriocanna Ealaíon, Cultúir agus Scannán	26
Dul chun cinn i leith Spriocanna Spóirt	32
Dul chun cinn i leith Spriocanna Turasóireachta	39
Dul chun cinn i leith Spriocanna Seirbhísí Corparáideacha	49
<b>Aguisíní</b>	
1. Na hEalaíona, An Cultúr agus Na Scannáin	56
2. Spórt	60
3. Turasóireacht	65
4. Seirbhísí Corparáideacha	70
5. Tuarascáil Airgeadais	76
6. Struchtúr na hEagraíochta	79
7. Briseadh síos Foirne de réir Gráid agus Inscene	80
8. An Clár Caipitil Spóirt – Leithdháiltí 2005	81
9. Saoráil Faisnéise - An Tuarascáil Bhliantúil 2005	97
10. Acmhainní agus Táscairí Toraidh na Bliana 2005 de réir Tosaíocht Straitéiseach	98

## **Focal ón Aire**

Is mór an sásamh a thugann sé dom an trú tuarascáil seo ina dtugtar cuntas ar gach ar bhain an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta amach sa bhliain féilire 2005 a chur i láthair. Is í an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn í chomh maith ina dtugtar tuairisc ar fhorfheidhmiú Ráiteas Straitéise 2005-2007 na Roinne.

Is breá a bheith ábalta tuairisc a thabhairt faoin dul chun cinn maidir le cur i gcrích na dtiomantas d'earnálacha na n-ealaíon, an spóirt agus na turasóireachta mar a tugadh sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas, An Plean Forbartha Náisiúnta, 2000 -2006 agus in “Dul chun Cinn a Inbhuanú” – An Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2005 agus an comhoibriú Thuaidh – Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

B'iomaí cinneadh mór a rinneadh i rith na bliana 2005 agus is cinnte go bhfágfaidh siad sin a lorg sa todhchaí agus go ceann blianta fada ar threo na ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha sa tír seo. Tá a fhaomhadh tugtha ag an Rialtas athfhorbairt a dhéanamh ar an Amharclann Náisiúnta ar shuíomh ag Duga Sheoirse i gceartlár Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Tugadh faoi bhearna eile ó thaobh chaighdeán an infreastruchtúir chultúrtha a líonadh nuair a rinneadh cinneadh suíomh ag Ardán Phort an Iarla nach dteastaíonn ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath feasta, a cheannach agus athfhorbairt a dhéanamh ar an gCeoláras Náisiúnta ionas go mbeadh ionad léirithe den scoth i lár ár bpríomhchathrach. Cinneadh freisin maoiniú a chur ar fáil chun Theatre Royal nua a thógáil i Loch Garman agus athchóiriú a dhéanamh ar Amharclann an Gaiety i mBaile Átha Cliath.

Fearaim fáilte faoi leith roimh an gcinneadh a rinne an tAire Airgeadais i mí na Nollag seo caite maidir le hathstruchtúrú Scéim Díolúine ó Cháin na nEalaíontóirí a chinnteodh go mbeadh buntáistí le baint fós as an Acht ag na daoine a raibh an tAcht ann lena n-aghaidh. Is dearbhú fíorláidir í an scéim i gcónaí ar an tábhacht atá á leagan againn ar ról na n-ealaíontóirí i saol na hÉireann.

Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil chun cur ar chumas na Comhairle Ealaíon tacú le hathstruchtúróir corparáideach agus airgeadais Amharclann na Mainistreach mar go raibh blianta diana trádála curtha di ag an Amharclann ag coraíocht le deacrachtaí méadaitheacha airgeadais. Ba ghá na cinntí seo a dhéanamh ar mhaithe le hinmharthanacht agus beocht a bheith faoin Amharclann Náisiúnta agus aghaidh á tabhairt aici, ina háitreabh nua, ar thodhchaí a bheadh dúshlánach ach dearfach.

Bliain spreagúil ab ea an bhliain 2005 do Chorcaigh mar gurbh í an chéad chathair Éireannach í ar éirigh léi an teideal nua AE, Príomhchathair an Chultúir, a bheith aici. Chuir an Rialtas €7.85 milliún d'airgead Státhchiste ar fáil do Cork 2005 mar mhaoiniú do chlár ar a raibh 180 ócáid. Is maith liom go bhfuil sé le rá agam gur tugadh an-tacaíocht i rith na bliana go léir do chlár d'ócáidí éagsúla a mheall breis is 1 milliún duine – sin a shé oiread de dhaonra na cathrach.

Lean an turasóireacht uirthi ag fás sa bhliain 2005. Meastar gur thug beagnach seacht milliún cuairteoir cuairt ar Éirinn agus gur tháinig tuilleamh airgeadraí geall le €4.3 billiún dá bharr. Sin 6% sa bhreis d'ardú ar an mbliain 2004. Is í tionscal na turasóireachta an earnáil seirbhísí intrádála is mó atá ag Éirinn ar mhargaí idirnáisiúnta anois. Tháinig €1 billiún sa bhreis isteach in ioncam as caiteachas na n-Éireannach sa turasóireacht.

Chuir an grúpa ardleibhéil a bunaíodh chun an straitéis a leagadh síos in “Fís Nua”-Tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Straitéis na Turasóireachta, a bhrú ar aghaidh, – a dhara tuarascáil ar dhul chun cinn faoi mo bhráid san Aibreán. Tuairiscítear inti go bhfuil Éire i gcaoi is gur féidir léi freastal ar na spriocanna uailmhianacha foráis atá le bheith bainte amach ag an turasóireacht faoin mbliain 2012 – beidh an aer-rochtain mhéadaithe, an caiteachas breisithe margaíochta ón tionscal agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit don Turasóireacht, agus oscailt na margaí nua thar lear agus straitéisí nuála forbartha sa tionscal ag baile mar thaca don fhorás sin.

Bhí an aer-rochtain mhéadaithe go hÉirinn ar cheann de na forbairtí ba mhó a tharla sa bhliain 2005. Cuireadh go mór le líon na suíochán ar eitleáin chun an oileáin. Osclaíodh tríocha is a cúig bealach nua i rith na bliana agus ba isteach chuig na haerfoirt réigiúnacha

a bhí fiche is a ceathair de na bealaí sin. Ghlac Tourism Ireland páirt mhór sna forbairtí seo. Ghlac sé ról tathanta air féin agus bhí gníomhaíochtaí comhlántacha agus cur chun cinn ar siúl aige.

Chuir sé ríméad orm sa bhliain 2005 go ndearnadh dul chun cinn mór chun próiseas na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí a chur chun cinn maidir le Lárionad Náisiúnta Comhdhála a thógáil i mBaile Átha Cliath. Fuarthas tairiscintí ó Anna Livia Consortium agus ó Spencer Dock International Conference Centre Consortium. D'fhógair mé i mí na Samhna 2005, tar éis faomhadh a bheith faighte ón Rialtas, go raibh cuireadh á thabhairt do Spencer Dock International Conference Centre Consortium a bheith mar Ghrúpa Tairisceana Tosaíochta Sealadach don tionscadal agus táim ag tnúth le socruithe conartha leis an tairgeoir tosaíochta a thabhairt chun críche níos déanaí i mbliana.

Tá croí agus anam an náisiúin seo i gcúrsaí spóirt. Déanann an spórt leas d'fholláine agus do mhothúcháin an duine, is cuma cén aois é ná cén coirnéal den tír arb as é. Glactar leis go coitianta go mbíonn tionchar dearfach i bhfad is i ngearr ag an spórt ar an tsochaí iomlán.

Bliain inti féin ab ea an bhliain 2005 chomh fada is a bhain sé le maoiniú don spórt. Leithdháladh breis is €63 milliún mar mhaoiniú as an gclár caipitil spóirt ar 626 tionscadal ar fud na tíre. Is sásamh ann féin é go bhfuil thart ar aon trian den mhaoiniú atá ar fáil á úsáid chun tacú le 202 tionscadal i limistéir a aithnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste. Leithdháladh beagnach €95 milliún de mhaoiniú san iomlán as an gclár caipitil spóirt ar suas le 5,000 tionscadal sa tréimhse ocht mbliana 1998-2005.

Fuair 18 tionscadal linnte snámha nua faomhadh chomh maith faoi chlár tacaíochta na Roinne sa bhliain 2005 chun forbairt a dhéanamh ar linnte snámha. Ba breis is €14 milliún an t-iomlán a caitheadh i rith na bliana ar thionscadail a bhí faofa.

Chuathas cúpla céim thábhachtach chun cinn sa bhliain 2005 i ndáil le bonn a chur faoi infreastruchtúr náisiúnta spóirt. Tá an phleanáil don athfhorbairt ar an seanstaidiam stairiúil ar Bhóthar Lansdún tugtha ar aghaidh go mór anois agus táim ag tnúth le tús na tógála an bhliain seo chugainn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Chumann

Lúthchleas Gael sa chomhthéacs seo as a dhea-mhéin agus as a bheith sásta Páirc an Chrócaigh a chur ar fáil i gcomhair cluichí rugbaí agus sacair fad is nach mbeadh fáil ar Bhóthar Lansdún. Chinn an Rialtas chomh maith maoiniú €19 milliún a leithdháileadh sa tréimhse 2006-2010 i gcomhair na forbartha ar Chéim 1 den champas spóirt i mBaile an Aba.

Bhí rath thar na bearta ar thionscal rásaíocht chapall na hÉireann i rith na bliana agus bhí figiúirí á sárú i dtionscal na gcon mar a raibh ardú ón mbliain 2004 ar láimhdeachas gealltóireachta, ar urraíocht agus ar líon an lucht freastail. D'éirigh le capaill arbh le húinéirí Éireannacha iad, a traenáladh in Éirinn agus a raibh marcaigh Éireannacha orthu an bua a bheith acu i rásaí uile an National Hunt anseo in Éirinn agus sa Bhreatain i mbliana don dara bliain as a chéile. Ba €261 milliún agus €65 milliún, faoi seach, na suimeanna airgid a bhí faighte ag Rásaíocht Chapall Éireann agus ag Bord na gCon as Ciste Rásaíocht Chapall agus na gCon faoi dheireadh na bliana 2005.

Ba léir go mór an comhoibriú idir earnálacha na n-ealaíon, an chultúir agus na turasóireachta nuair a bhí an tionscadal Corcaigh: Príomhchathair an Chultúir ar bun sa bhliain 2005. Lean na Gníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit de chomhoibriú dá leithéid chomh maith mar go raibh dianchlár cur chun cinn ar siúl acu thar lear chun a chinntiú go mbainfí an leas ab fhearr ab fhéidir as an toradh a bheidh le baint ag an turasóireacht as Corn Ryder sa bhliain 2006. Lena chois sin rachaidh buntáistí na bhfeabhsúchán san infreastruchtúr cultúrtha agus spóirt chun tairbhe an gheilleagair i gcoitinne, cuirfidh siad le hinniúlacht na tíre ó thaobh ócáidí ealaíon, cultúrtha agus spóirt de agus feabhsóidh siad tarraingt na tíre mar cheann scríbe do thurasóirí.

Is iomaí ní suntasach a cuireadh i gcrích in earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir, an spóirt agus na turasóireachta ó bunaíodh mo Roinnse sa bhliain 2002 agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach aon bhall den fhoireann as a gcion a dhéanamh. Leanfaidh mo Roinn ar aghaidh ag forbairt agus ag cur leis na gnóthachtálacha seo agus díreoidh sí ar fhorbairtí a chur i gcrích sa todhchaí de réir na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise, 2005-2007.

## **An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005**

Is obair mhór í an obair atá amach romhainn agus is dúshlán dúinn na cuspóirí atá againn maidir le dlárú na Roinne go Cill Airne a chur i gcrích. Táim ag tnúth, mar pholaiteoir, le bheith i mbun ceannródaíochta ar an gclár seo agus a bheith ag obair leis an Ard-Rúnaí agus le foireann iomlán na Roinne agus a Gníomhaireachtaí agus a Forais ghaolmhara chun cur leis an obair leanúnach a bhíonn ar siúl againn ar mhaithe le cur chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha shochaí na hÉireann.

**Seán Ó Donnchú T.D.**  
**Aire Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta**

## Réamhrá an Ard-Rúnaí

Seo í an tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, a bhunaigh an Rialtas i Meitheamh na bliana 2002. Tá an dul chun cinn a rinneadh sa chéad bhliain de na trí bliana atá i gceist inár Ráiteas Straitéise, 2005-2007, inar leagamar spriocanna uailmhianacha síos dúinn féin ar mhaithe le polasaithe, cláir agus gníomhaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh de réir an Chláir don Rialtas faoi chaibidil freisin sa bhliain atá faoi athbhreithniú.

Tá dul chun cinn maith déanta againn go nuige seo. Ba bhliain ghnóthach rathúil í an bhliain 2005 don Roinn, i ngach aon cheann dá cuid earnálacha – na healaíona, an spóirt agus an turasóireacht agus in aonaid na seirbhísí corparáideacha, go speisialta, i gcomhthéacs dhílárú na Roinne go Cill Airne, dílárú atá ar na bacáin.

Tá borradh i gcónaí faoin turasóireacht, a bhfuil tacaíocht aici ó raon de pholasaithe agus de chlár Rialtais, i dtéarmaí líon na gcuariteoirí agus an ioncaim agus tá sí fós ar cheann de na tionscail is mó dá bhfuil ag an tír. Bhí Rannóg Turasóireachta na Roinne gníomhach i dteannta na bPríomhghníomhaireachtaí Turasóireachta, Tourism Ireland agus Fáilte Ireland, agus iad ag leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú le tionscnaimh chun cur leis an bhfás agus chun cáilíochtaí agus caighdeán a fheabhsú san earnáil. Bhíomar páirteach chomh maith i bhfeidhmiú céimneach agus i bhforfeidhmiú chlár uailmhianach pholasaí na turasóireachta mar atá leagtha síos i dtuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Pholasaí na Turasóireachta, “Fís Nua”.

Thug an bhliain 2005 athruithe suntasacha léi in earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir. Cuireadh athstruchtúrú corparáideach agus airgeadais i bhfeidhm in Amharclann na Mainistreach. Bunaíodh An Leabharlann Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhlachtaí neamhspleácha. Rinneadh cinntí tábhachtacha faoin athfhorbairt a bhí le déanamh sa todhchaí ar an gCeoláras Náisiúnta, ar Amharclann na Mainistreach, ar Opera House Loch Garman agus ar líon d’ionaid réigiúnacha do na healaíona. Ardaíodh maoiniú na Comhairle Ealaíon go mór sa bhliain 2005 agus chabhraigh sé sin le scálaí breisithe tacaíochta a bheith ar fáil do gach cineál ealaíon.

Dhírigh an Rannóg Spóirt ar thiomantas an Rialtais chun plean straitéiseach fadtéarmach i gcomhair saoráidí spóirt a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh maith le scála ardaithe de mhaoiniú a sholáthar d’earnáil an spóirt agus na fóillíochta. Tá an obair sin ar bun cheana féin faoi choimirce ghrúpa stiúrtha idirghníomhaireachta a bunaíodh sa bhliain 2005.

Nuair a bhí maoirseacht déanta ag Aonaid Tacaíochta na Seirbhísí Corparáideacha ar bhunú na Roinne nua sa bhliain 2002 thug na hAonaid faoi ghnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach agus monatóireacht a dhéanamh orthu faoi “Dul Chun Cinn a Inbhuanú”; ord nua a chur ar na struchtúir Chomhpháirtíochta sa Roinn, ceannródaíocht a dhéanamh ar chur chuige chun frámaíocht bainistíochta faisnéise nua-aimseartha i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a sholáthar agus a bheith ar cheann de na chéad Ranna chun na hoibleagáidí a bhí uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh.

Áiríodh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar an gcéad chuid de Ranna agus de Ghníomhaireachtaí a bheidh le dílárú faoi chlár an Rialtais. Tá an phleanáil don oifig nua atá le tógáil i gCill Airne chun cinn go maith agus beidh an chéad bhuíon de na hoifigigh ag bogadh isteach i gcóiríocht shealadach san Fhosaidh díreach taobh amuigh de Chill Airne go déanach i mbliana. Ba mhaith liom moladh faoi leith a thabhairt d’Aonad na Seirbhísí Corparáideacha as an tslí íogair ghairmiúil ina ndearna sé bainistíocht ar phróiseas an díláraithe. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuair mé ó mo chomhghleacaithe go léir sa Roinn agus muid ag treabhadh trí na saincheisteanna dá mbaineann. Fearaim fáilte faoi leith roimh na comhghleacaithe nua sin atá ag teacht inár gcuideachta agus muid ag bogadh go dtí ár n-ionad nua. Táim cinnte de go mbeidh ionchur iontach acu ar fhorbairt leanúnach na Roinne. Ba mhaith liom a chur san agús chomh maith go bhfuil mórmheas agam ar an ionchur a bhí ag comhghleacaithe nach mbeidh ag dílárú go Cill Airne agus a bhfuil roinnt díobh tar éis imeacht go Ranna eile cheana féin, i dtaca le clár na Roinne a chur chun cinn in imeacht blianta fada. Guím gach rath oraibh sa ghairm atá amach romhaibh.

## **An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005**

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire as a spreagadh agus as a thréantacaíocht chun cuspóirí na Roinne a bhrú chun cinn agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an bhfoireann ag gach leibhéal as a dúthracht, a gairmiúlacht agus a díograis, na príomhthréithe a chinntigh gur éirigh leis an Roinn a haidhmeanna a chur i gcrích go rathúil sa bhliain 2005.

**Philip Furlong**

**Ard-Rúnaí**

## **Forléargas ar 2005**

### **Na hEalaíona, An Cultúr agus Na Scannáin**

Rinne an Roinn an-dul chun cinn maidir le tiomantas an Rialtais athfhorbairt a dhéanamh ar an Amharclann Náisiúnta le linn na bliana 2005. Tar éis d'Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath tairiscint a dhéanamh i mBealtaine na bliana 2005 ar shuíomh don Amharclann ar Dhuga Sheoirse cuireadh tús le líon mionscrúduithe ar an suíomh d'fhonn a fheiliúnacht a mheas. Cuireadh na réamhscrúduithe uile i gcrích faoi dheireadh na bliana agus léirigh siad go ndéanfadh an suíomh freastal ar na riachtanais a bheadh ag Amharclann nua agus i mí na Nollag d'fhaomh an Rialtas an athfhorbairt.

Chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le háitreabh nua a chur ar fáil d'Amharclann na Mainistreach, cuireadh tús le hathstruchtúrú ó bhun le linn 2005 chun cur ar chumas na hamharclainne dul chun cinn a dhéanamh agus bonn corparáideach sócmhainneach agus slán ó thaobh airgeadais de a ghlacadh chuici féin. Rinne an Roinn leithdháileadh speisialta ar an gComhairle Ealaíon deireanach sa bhliain 2005 a thug cead don Chomhairle aghaidh a thabhairt ar fhiacha Amharclann na Mainistreach a ghlanadh.

Chuir an Roinn athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta chun cinn chomh maith agus tugadh faomhadh chun saoráid den scoth a fhorbairt ar shuíomh Ardán Phort an Iarla. Thángthas ar chinneadh chomh maith chun Amharclann an Theatre Royal nua a thógáil i Loch Garman agus chun athchóiriú a dhéanamh ar Amharclann an Gaiety i mBaile Átha Cliath.

Aithníonn an Roinn an tábhacht phraiticiúil agus chomharthach de Dhíolúine ó Cháin na nEalaíontóirí agus dá bharr sin d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an earnáil chun an argóint a dhéanamh go gcaithfí an díolúine a choinneáil. D'fhógair an tAire Airgeadais i mí na Nollag go gcoinneofaí Díolúine ó Cháin na nEalaíontóirí. D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Airgeadais le linn 2005 chun a chinntiú gur cuireadh na gnéithe iomlána den tsaincheist seo in iúl agus go ndearnadh iad a mheas agus gur tuigeadh gach a raibh i gceist leo.

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

Fuair an Chomhairle Ealaíon leithdháileadh de €61 milliún ón Státchiste sa bhliain 2005. B'ardú de bhreis agus 16% a bhí ansin ar an mbliain a chuaigh roimpi.

Cé go raibh comhoibriú an-éifeachtach idir an dá Chomhairle Ealaíon atá ar oileán seo ar feadh an 30 bliain seo caite, cuireadh an caidreamh a bhí eatarthu i bhfoirm fhoirmiúil i mí Iúil 2005 nuair a bunaíodh an Fochoiste Thuaidh/Theas.

Bhunaigh an tAire comhlacht nua, Cultúr Éireann, i bhFeabhra na bliana 2005, de réir na bhfreagrachtaí atá ar an Aire chun ealaíona na hÉireann a chur chun cinn, taobh istigh den Stát agus taobh amuigh chomh maith, de réir fhorálacha an Achta Ealaíon 2003, chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíona agus d'ealaíontóirí na hÉireann a bhíonn ag obair go hidirnáisiúnta. Fuair Cultúr Éireann €2 mhilliún de mhaoiniú ina chéad bhliain dá fheidhmiú. Is ardú suntasach atá anseo ar an maoiniú a bhí ar fáil do ghníomhaíocht dá leithéid go dtí seo. Tháinig ardú sa bhreis ar an maoiniú seo sa bhliain 2006 go dtí €3 mhilliún.

Tá tionscal scannán na hÉireann ag teacht chun cinn go mór i gcomhshaol atá an-íomaíoch agus luaineach. Cuireann Bord Scannán na hÉireann, atá freagrach as an tionscal a fhorbairt chomh maith le margaíocht a dhéanamh ar Éirinn mar ionad tarraingteach i gcomhair scannán, tacaíocht ar fáil do gach leibhéal den tionscal ó léiritheoirí nuathosaithe go daoine a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach acu.

Lean an Rialtas dá thiomantas do thionscal na scannán agus don Bhord tríd an maoiniú a mhéadú sa bhliain 2005 go €14.4 milliún i gcomparáid leis an €1.8 milliún sa bhliain 2004. Méadú de 22% ab ea é seo.

Aistríodh an próiseas deimhnithe do thionscadail faoin scéim Alt 481 go dtí na Coimisinéirí Ioncaim ag tús na bliana. Is é an tAire fós atá freagrach as iarratais a bhailíochtú ó thaobh an chomhthéacs chultúrtha de, i ndáil le reachtaíocht na hÉireann agus an AE. Eisíodh ceithre ghné-scannán a fuair faoiseamh faoi Alt 481 le linn 2005 - *Honeymooners*, *Ella Enchanted*, *Lassie* agus *The League of Gentlemen*. Rinneadh dul

chun cinn chomh maith i gcomhar leis an mBord maidir le socruithe comhléirithe a chur i bhfeidhm leis an nGearmáin agus leis an Lucsamburg.

Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach sa bhliain 2005 maidir le haghaidh a thabhairt ar na buneasnamh a bhí sa chaighdeán infreastruchtúir a bhain le healaíona agus le cultúr na hÉireann.

Lean an obair chun na forálacha d'Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta nach raibh curtha i bhfeidhm fós a chur i bhfeidhm. Bunaíodh An Leabharlann Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhlachtaí neamhspleácha agus boird ar leith ar gach ceann díobh. Chuir an cinneadh seo spreacadh nua faoi na forais agus cuirfidh sé sin lena gcumas oidhreacht litríochta agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus fáil a bheith uirthi go héasca.

Is í Cathair Chorcaí an chéad chathair in Éirinn ar ar bronnadh ainmniú nua an AE 'Príomhchathair an Chultúir'. Bunaíodh Cork 2005, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, chun ócáidí na bliana a eagrú. Bhí clár uailmhianach aici ina raibh 180 tionscadal as na cineálacha éagsúla ealaíon agus ina raibh ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta páirteach. Chuir an Rialtas maoiniú de €7.8 milliún ar fáil ón Státchiste don ócáid. Ba mhór ag an gcathair an tairbhe eacnamaíoch chomh maith leis an tairbhe chultúrtha a tháinig as an ainmniú Eorpach mar Phríomhchathair an Chultúir a fháil. D'fhreastail líon ollmhór daoine ar na mór-imeachtaí cultúrtha sa chathair chomh maith leis sin tháinig forás thar na bearta ar Aerfort Chorcaí agus tháinig ardú suntasach ar líon na gcuartheoirí.

Rinne an Roinn coimisiúnú ar athbhreithniú ar ról agus ar fheidhmeanna Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann sa bhliain 2004. Ceann de na príomh-mholtaí a tháinig as an Athbhreithniú sin ab ea gur cheart Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a bhunú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gur cheart Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais a bheith aige a rachadh de réir a shainchúraim. Chuirfeadh an t-eintiteas nua seo ar chumas Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a mhisean a chomhlíonadh

agus cur leis an taithí fhorleathan atá bailithe aige go dáta. Cuireadh seisiúin chomhairliúcháin maidir leis na moltaí a bhí tugtha san athbhreithniú i bhfeidhm sa bhliain atá faoi chaibidil chomh maith leis na céimeanna dlíthiúla a bheadh riachtanach chun éifeacht a thabhairt don chuideachta nua.

Is ionad cultúrtha a bhfuil bonn maith faoi é Ionad James Joyce i mBaile Átha Cliath a reáchtálann gníomhaíochtaí éagsúla léiritheacha agus oideachais agus bíonn formhór na ngníomhaíochtaí sin bunaithe ar Joyce agus a shaothar. Bhí an tIonad i gcruachás airgeadais sa bhliain 2005 agus fiafraíodh den Roinn scrúdú a dhéanamh ar a inniúlacht sa todhchaí. Rinne an Roinn coimisiúnú ar scrúdú chun inmharthanacht airgeadais an Ionaid a mheas. Ullmhaíodh dréachtphlean gnó ansin. Rinneadh athbhreithniú chomh maith ar an struchtúr bainistíochta agus ar struchtúr an bhoird chun plean tarrthála a fhorbairt don ionad san áit ina bhfuil sé. Cuireadh clár maoinithe dhá bhliain i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2005.

Tá spéis ollmhór in ábhar dhaonáireamh 1901 agus 1911 mar gurb iad na torthaí is luaithe atá againn ar dhaonáireamh na hÉireann agus mar go bhfuil an t-ábhar iomlán le fáil fós. Is sa Chartlann Náisiúnta atá bunchóipeanna na dtorthaí seo coinnithe agus tá an Chartlann á gcur i bhfoirm digiteach i gcomhar lena gcomhpháirtithe i gCeanada, Library and Archives Canada. Cuirfear na torthaí seo ar fáil ar an Idirlíon ina dhiaidh sin.

Mar ullmhú ar cheiliúradh 100 bliain bhreith Samuel Beckett sa bhliain 2006, cheap an tAire Coiste na Féile a bhí freagrach as a chinntiú go gcuirfí clár cothrom de ghníomhaíochtaí cultúrtha i dtoll a chéile a bheadh tarraingteach do lear mór daoine agus do lear mór spéiseanna. Bhí ionadaithe ón earnáil ealaíon, na hamharclainne, na meán cumarsáide, na turasóireachta agus an oideachais ar an gCoiste agus ba é sainordú an Choiste meas, staidéar agus ceiliúradh ar shaothar Samuel Beckett a chur chun cinn. Bhunaigh an tAire Comhairle Chomóradh Céad Bliain Beckett chomh maith. Ba é ról an ghrúpa sin comhairle a thabhairt, agus bainistíocht a dhéanamh ar an leithdháileadh foriomlán airgeadais agus ar threo an chláir.

Rinne an Roinn scrúdú ar fhorálacha reatha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus é mar aidhm aici tograí reachtúla níos cuimsithí agus cothrom le dáta a thabhairt chun cinn don chartlann oifigiúil. Tá an Roinn, i gcomhar le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, ag féachaint ar roinnt saincheisteanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu má táthar chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht. Tá Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta chun comhairle fhoirmiúil a chur i dtoll a chéile don Aire maidir leis an Acht a thabhairt cothrom le dáta.

### Spórt

De bharr na dtairbhí forleathana a bhaineann le gníomhaíochtaí spóirt breathnaíonn an Rialtas ar chaiteachas spóirt mar ní atá tábhachtach d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch na tíre. Is féidir na tairbhí seo a thomhas i dtéarmaí sláinte agus folláine, forbairt shóisialta agus chultúrtha, oideachas, forbairt phearsanta, turasóireacht agus an geilleagar.

Déanann an Roinn dhá chlár caipitil a riar trína gcuirtear raon saoráidí spóirt comhaimseartha dea-fheistithe agus dea-bhainistithe ar fáil sa tír faoin gClár Caipitil Spóirt agus faoi Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil. Leithdháladh €63 milliún san iomlán sa bhliain 2005 i gcomhair maoiniú caipitil spóirt (€55 milliún do 626 tionscadal ar fud na tíre faoin gClár Caipitil Spóirt agus €8 milliún eile sa bhreis i gcomhair raon tionscadal réigiúnach agus náisiúnta agus i gcomhair trealamh riachtanach do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt). Tá liosta iomlán na leithdháilte leagtha amach in Aguisín 8. Leithdháladh maoiniú de bhreis is €21 milliún, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar 202 tionscadal, as iomlán na leithdháilte a bhí lonnaithe i limistéir a bhí ainmnithe mar limistéir faoi mhíbhuntáiste. Is é an toradh a bhí air sin ná go bhfuair na tionscadaí sin €3.4 milliún sa bhreis de mhaoiniú breise caipitil ón Roinn sin.

Ó 1998 i leith, tá beagnach €95 milliún san iomlán de mhaoiniú caipitil spóirt leithdháilte ar 4,923 tionscadal.

Ina theannta sin cuireadh deontas i gcabhair de €14.1 milliún ar fáil d'Údarás Áitiúla chun linnte snámha poiblí a thógáil/athchóiriú a dhéanamh orthu sa bhliain 2005. Ó cuireadh tús leis an mbabhta seo de Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil sa bhliain 2000 cuireadh sa bhreis ar €60 milliún de dheontas i gcabhair ar fáil.

Cé go raibh an Clár Caipitil Spóirt agus Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil dírithe go príomha ar chur ar chumas cumainn agus grúpaí pobail saoráidí a chur ar fáil go háitiúil, táthar ag leanúint le maoiniú a chur ar fáil chun raon ionad ilspóirt náisiúnta, réigiúnach agus cathrach a dhéanfadh freastal ar dhaonra agus ar limistéir níos mó a fhorbairt. Cé go ndéanann na tionscadail seo freastal ar riachtanais áitiúla, cuireann siad go suntasach leis an infreastruchtúr spóirt atá ríthábhachtach chun an leibhéal rannpháirtíochta a mhéadú agus chun caighdeán an tsaothraithe a fheabhsú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá sé i gceist ag an Rialtas, i gcomhthéacs an mhaoinithe shubstaintiúil a infheistíodh le blianta beaga anuas chun saoráidí spóirt agus caithimh aimsire a chur ar fáil, plean straitéiseach fadtéarmach i gcomhair saoráidí spóirt a chur i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa stiúrtha idirghníomhaireachta le linn 2005 ar a bhfuil ionadaithe ó líon áirithe Ranna agus comhlachtaí Rialtais chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt straitéise dá leithéid. Ceann de na chéad dúshlán arbh éigean don ghrúpa aghaidh a thabhairt air ná maoirsiú a dhéanamh ar thús a chur le hiniúchadh náisiúnta ar shaoráidí spóirt. Díreoidh an t-iniúchadh seo i dtús báire ar eolas a bhailiú faoi na saoráidí spóirt lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus réigiúnach.

D'athdhaingnigh an Roinn arís sa bhliain 2005 a tiomantas maidir le staidiam agus saoráidí spóirt a bhunú ag Bóthar Lansdún agus ag Baile an Aba.

San Aibreán bronnadh conradh ar fhoirne bainistíochta tionscadail agus dearaidh chun Staidiam Bhóthar Lansdún a fhorbairt. Sheol an tAire an dearadh mionsonraithe nua don staidiam i nDeireadh Fómhair agus cuireadh iarratas pleanála, a ullmhaíodh sa bhliain 2005, isteach go luath sa bhliain 2006.

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

I Samhain na bliana 2005, d'aontaigh an Rialtas dul ar aghaidh le forbairt an champais spóirt i mBaile an Aba. Is €19 milliún costas measta an tionscadail agus ba cheart go mbeadh an tionscadal críochnaithe faoi cheann a 4 nó a 5 de bhlianta, thart ar an mbliain 2010, má ghabhann sé de réir sceidil.

Ardaíodh buiséad Chomhairle Spóirt na hÉireann go dtí €34.4 milliún i gcomparáid le €13 milliún sa bhliain 2000, an chéad bhliain di i mbun feidhmiúcháin. Bhí maoiniú i gcomhair na dtionscnamh nua seo san áireamh leis an leithdháileadh - €1.5 milliún chun tús a chur le straitéis forbartha don iomáint agus do chamógaíocht sa tír agus €1 milliún chun tús a chur le straitéis forbartha na gCluichí Gaelacha i mBaile Átha Cliath.

Bronnadh €750,000 ar Chomhairle Spóirt na hÉireann chomh maith chun rannpháirtíocht na mban sa spórt a spreagadh. Chruthaigh an Roinn suíomh gréasáin ([www.womeninsport.ie](http://www.womeninsport.ie)) do Mhná sa Spórt ina gcuirtear síos ar an tionscnamh agus ar a bhfuil naisc chuig suímh eile a bhaineann le deiseanna rannpháirtíochta do mhná.

Chuathas i dteagmháil leis na Comhlachtaí Náisiúnta Spóirt chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin tionscnamh 'Mná sa Spórt' chun díriú ar mhná a ghlacann páirt i spórt. Chuathas i dteagmháil le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chomh maith chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i gcomhair tionscadal a bhíonn bunaithe go háitiúil agus a bhíonn dírithe ar shain-spríocghrúpaí. Bhí na tionscadail a roghnaíodh don mhaoiniú nuálach agus dírithe ar chailíní/ar mhná a thabhairt isteach sa spórt nó ar rannpháirtíocht na mban sa spórt a choinneáil/nó iad a dhéanamh gníomhach sa spórt an athuair agus bhí raon éagsúil gníomhaíochtaí i gceist leo.

Sheol an tAire Athbhreithniú na hAithine i Márta na bliana 2005. Ba í Comhairle Spóirt na hÉireann a rinne coimisiúnú ar an Athbhreithniú i gcomhar le Comhairle Oilimpeach na hÉireann agus le Comhairle Pharailimpeach na hÉireann chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar ullmhú agus ar shaothrú Fhoirne na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha san Aithin sa bhliain 2004. D'ullmhaigh Comhairle Spóirt na hÉireann plean oibriúcháin bunaithe ar mholtaí an Athbhreithnithe.

Bronnadh €1.9 milliún i ndeontais ar scoth lúthchleasaithe agus imreoirí na hÉireann sa bhliain 2005 faoi Scéim Chártála Idirnáisiúnta na Comhairle agus leithdháladh €3.7 milliún i ndeontais faoin gClár Ardsaothraithe.

Is í Comhairle Spóirt na hÉireann a dhéanann maoiniú bliantúil ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt (CRNS) chun na costais a bhaineann lena ndisciplíní a fhorbairt agus a chur chun cinn. Áiríodh breis is € milliún de leithdháiltí sa bhliain 2005 chun tacaíocht a thabhairt d'obair CLG, an FAI agus an IRFU chun rannpháirtíocht na n-óg sa spórt a mhéadú. Leithdháladh €7 milliún ar níos mó ná 55 CRNS chun cur ar a gcumas na lárghníomhaíochtaí a bhíonn riachtanach chun spórt d'ardchaighdeán a chur ar fáil in Éirinn a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear riarachán, oideachas ar oiliúnóirí agus ócáidí idirnáisiúnta a óstáil agus a bheith rannpháirteach iontu.

Faoi láthair tá 16 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt ann trína bhforbraítear cláir ar bhonn áitiúil. Sa bhliain 2005 rinne Fitzpatrick Associates, Economic Consultants, athbhreithniú neamhspleách ar na Comhpháirtíochtaí ar son na Roinne agus anois leathnóidh an Chomhairle Spóirt líonra na gComhpháirtíochtaí.

Sa bhliain 2005 leithdháil Comhairle Spóirt na hÉireann deontais de €0.6 milliún don Tionscnamh 'Spórt do Dhaoine Breacaosta' ag a bhfuil sé mar aidhm cuidiú le cumainn agus le heagraíochtaí deiseanna a mhéadú dá mbaill bhreacaosta chun a bheith rannpháirteach go gníomhach i spórt mar chaitheamh aimsire agus i raon gníomhaíochtaí fisiceacha chomh maith.

Ghlac Comhdháil Ghinearálta UNESCO le Coinbhinsiún Domhanda Frithdhópála nua UNESCO i nDeireadh Fómhair 2005. Chuidigh an Roinn le dréachtú an Choinbhinsiúin agus leis an bpróiseas a bhain leis an nglacadh deiridh.

Lean an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Comhairle Spóirt na hÉireann a fuair tacaíocht ó Chomhairle Spóirt Thuaisceart Éireann lena gclár taighde maidir le staid an spóirt in Éirinn agus foilsíodh dhá thuarascáil eile sa bhliain 2005.

Sheol an tAire “An Tairbhe Shóisialta agus Eacnamaíoch atá le Spóirt in Éirinn” agus “Leanaí Scoile agus an Spóirt in Éirinn” agus tugann siad aghaidh ar an easpa eolais atá ann maidir le tionchar agus tábhacht an spóirt in Éirinn a thomhas.

D'éirigh go maith leis an 4<sup>ú</sup> Comhdháil Forbartha Spóirt Uile-Oileáin, a d'eagraigh Comhairle Spóirt na hÉireann i gcomhar le Comhairle Spóirt Thuaisceart Éireann sa Nás, Co. Chill Dara i mí Deireadh Fómhair.

Bhí go leor buaicphointí Spóirt ag Éirinn sa bhliain 2005 ag baile agus thar lear. Áirítear orthu sin bua Thír Eoghain i gCraobhchomórtas Peile Sinsear na hÉireann agus bua Chorcaí faoi thrí san iomáint, sa chamógaíocht agus i bpeil na mban. Ba bhliain iontach a bhí sa bhliain 2005 do Chorcaigh mar gur bhuaigh Cathair Chorcaí Craobhchomórtas Sraith Eircom. Ba iad Droichead Átha Aontaithe Seaimpíní Chorn an FAI.

Bhuaigh David Gillick agus Alistair Cragg boinn óir sna lúthchleasa ag Craobhchomórtais Faoi Dhíon na hEorpa i Maidrid. Bhuaigh foireann lúthchleas na hÉireann bonn airgid agus ceithre bhonn chré-umha ag Cluichí Ollscoileanna an Domhain. Sna cluichí parailimpeacha sháraigh Jason Smyth dhá churiarracht dhomhanda nuair a bhuaigh sé dhá bhonn óir i gCraobhchomórtais Lúthchleas na hEorpa san Fhionlainn. Bhain foireann na hÉireann trí bhonn óir, trí bhonn airgid agus trí bhonn chré-umha amach san iomlán ag na craobhchomórtais sin. Sa rámhaíocht bhuaigh foireann éadrom-mheáchain an cheathrar fear bonn airgid ag Craobhchomórtais an Domhain sa tSeapáin. Tháinig scull dúbailte éadrom-mheáchain na mban sa chúigiú háit sa chraobhchomórtas agus bhí foireann trom-mheáchain an cheathrar i measc an deichniúr ab fhearr, is ionann sin agus áit cháilíochta ag na Cluichí Oilimpeacha. D'fheabhsaigh an saothrú ag leibhéal idirnáisiúnta i líon eile spóirt mar dhornálaíocht, cispheil agus haca agus cháiligh foireann cruicéid na hÉireann do Chorn an Domhain den chéad uair riamh.

Bunaíodh an Ciste Rásaíocht Chapall agus na gCon faoin Acht um Rásaíocht Chapall agus na gCon 2001 chun tacaíocht a thabhairt don dá thionscal rásaíochta. Sna cúig

bliana ó bunaíodh é chuir an Ciste leibhéal ráthaithe maoinithe ar fáil do Rásaíocht Chapall Éireann agus do Bhord na gCon agus ba €61 milliún agus €65 milliún faoi seach an t-iomlán a leithdháileadh faoi dheireadh 2005. Rinneadh infheistíocht chiallmhar ar an airgead a chuaigh chun tairbhe an dá earnáil agus tá suntas tugtha don athbheochan a tháinig faoin dá spórt rud a théann chun tairbhe an gheilleagair. Chuir an Rialtas leis an gCiste sa bhliain 2004 go dtí 2008 agus an bhliain sin san áireamh agus ardaíodh an teorainn go dtí €50 milliún.

Bhí rath nach bhfacthas riamh cheana faoi thionscal rásaíochta capall na hÉireann le linn 2004/2005. B'éacht stairiúil dochreidte a bhí ann gur bhuaigh capaill a póraíodh agus a traenáladh in Éirinn agus a raibh marcaigh Éireannacha orthu gach ceann de na cúig mhór-rás Bhreataineacha sa National Hunt: an King George, an Gold Cup, an Champion Chase, an Champion Hurdle, agus an Grand National. Bhuaigh naoi gcapall a traenáladh in Éirinn i Cheltenham agus ansin tharla eachtra ann féin nuair a bhuaigh ocht gcapall ag Aintree agus ba léiriú a bhí ansin den scothchaighdeán a bhain le 2004/2005. I measc na mbuaicphointí a bhí ag baile bhí bua glan Kicking King sa Guinness Gold Cup i mBaile Phoínse, bua Brave Inca san Emo Oil Champion Hurdle agus bua Rathgar Beau ar Moscow Flyer sa Kerrygold Champion Chase. B'amhlaidh a bhí ar an talamh réidh mar go bhuaigh capaill a traenáladh in Éirinn gach ceann de na rásaí seo a leanas: rás 2000 & 1000 Guineas Shasana, an Eclipse Stakes, an King George IV, Queen Elizabeth Diamond Stakes agus The English St Leger.

Sa bhliain 2005 d'fhaomh Rásaíocht Chapall Éireann pleananna chun an chéad ráschúrsa uile-aimsire in Éirinn a thógáil ag Dún Dealgan atá le bheith críochnaithe in 2007.

Bhí an lucht féachana ba mhó riamh, 1.4 milliún, i láthair ag rásaí na gcon sa bhliain 2005. Tá sé i gceist ag Bord na gCon leanúint lena chlár forbartha caipitil thar na blianta seo romhainn. Beidh saoráid nua a bheidh á tógáil i Luimneach san áireamh sa chlár agus tá an tionscal ag súil le tairbhíthe, pátrúin, lucht urraíochta, comhlachtaí corparáideacha agus gnáthlucht féachana ráis nua a mhealladh dá bharr.

## Turasóireacht

Is í tionscal na turasóireachta an earnáil seirbhísí intrádála is mó atá ag Éirinn ar mhargaí idirnáisiúnta anois. Ba díreach faoi bhun seacht milliún líon na gcuariteoirí ón gcoigríoch a mheastar a tháinig go hÉirinn sa bhliain 2005. Tháinig beagnach €4.3 billiún i dtuilleamh airgeadraí as an líon cuairteoirí sin. Meastar anois gur fiú €5.3 billiún in aghaidh na bliana turasóireacht na hÉireann má chuirtear €1 billiún d'ioncam fortheilgthe a thagann as caiteachas na nÉireannach sa turasóireacht san áireamh. Léiríonn figiúirí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2005 go raibh méadú foriomlán de 6% ar líon na gcuariteoirí ar an mbliain 2004 agus gur ghin sé sin 7.5% (nó €3.7 billiún) sa bhreis in ioncam lasmuigh den Stát.

Foilsíodh an *Tourism Satellite Account (TSA) First Steps Project*<sup>1</sup> i bhfómhar na bliana 2005 a críochnaíodh, seachas roinnt ceartuithe arbh éigean a dhéanamh, sa bhliain 2004. Is teimpléad caighdeánach idirnáisiúnta a d'fhorhuinigh Eurostat é an teimpléad TSA agus áirítear leis caiteachas ar thurais aon lae ag baile agus an caiteachas a dhéanann Éireannaigh a théann thar lear.

Tá sé le tuiscint as tionscadal TSA go bhfuil earnáil turasóireachta na hÉireann leath a oiread arís chomh mór is a thugann teicnící traidisiúnta tomhais le fios.

Bhí éagsúlachtaí suntasacha i bhfeidhmiúchán na margáí éagsúla thar lear sa bhliain 2005. I gcás Mhór-Roinn na hEorpa tháinig méadú de bheagnach 20% (go 1.9 milliún) ar líon na gcuariteoirí a tháinig go hÉirinn agus tháinig méadú 32% (go €1.2 billiún) ar an ioncam. Is foinse margaidh an-tábhachtach í Mór-Roinn na hEorpa ón taobh straitéiseach de, go háirithe ó thaobh scaipeadh réigiúnach de agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí turasóireachta. Rinneadh dul chun cinn seasta i bhfeidhmiúchán foriomlán na hÉireann i margadh na Breataine mar a raibh forás de 3.8% i líon foriomlán na gcuariteoirí agus méadú imeallach á thaispeáint san ioncam cé go raibh ar Éirinn tréimhse dhúshlánach iomaíoch a chur di. Tá dúshlán éagsúla amach roimh an tionscal sa Bhreatain, go

háirithe maidir le borradh a chur faoin ngné saoire den mhargadh. Tá sé fíor, áfach, go bhfuil agus go mbeidh tábhacht mhór straitéiseach d'Éirinn sa mhargadh Cuairte atá ag teacht chun cinn – Cairde agus Gaolta ar Cuairt – ón mBreatain.

Bhí sé níos deacra na rátaí foráis a bhaineamar amach sna blianta roimhe seo a bhaint amach i Margadh na Stát Aontaithe agus an Taistil Fhadchúrsa sa bhliain 2005. Tháinig laghdú 2.5% ar líon na gcuairteoirí agus beagnach 5% i dtuilleamh ioncaim i margadh na Stát Aontaithe agus d'ísligh limistéir eile fhadchúrsa 10% ar líon na gcuairteoirí agus 21% i dtéarmaí ioncaim. Tá tús curtha ag Tourism Ireland cheana le hathbhreithnithe forleathana maidir lena ngníomhaíochtaí gnó sna limistéir sin de bharr go n-aithníonn sé an tábhacht a bhaineann leis an dá mhargadh sin do thionscal turasóireachta na hÉireann. Cuirfidh na torthaí a thiocfaidh as na hathbhreithnithe sin ar chumas Tourism Ireland a chláir mhargaíochta a chur in oiriúint chun cuidiú leis an earnáil torthaí níos fearr a bhaint amach sa bhliain 2006 agus sa todhchaí.

Ba é an forás a tháinig faoin aer-rochtain an dea-scéala a bhí ag tionscal na turasóireachta sa bhliain 2005. Cuireadh go mór le líon na suíochán ar eitleáin i ngach ceann dár bpríomh-mhargáí. Tháinig méadú 16% ar líon na suíochán ar eitleáin ón mBreatain – chuaigh an chuid ba mhó acu siúd isteach díreach chuig na réigiúin. Cuireadh 4,000 suíochán sa bhreis ar fáil ar eitleáin ó Mheiriceá Thuaidh, méadú 17% ab ea é seo ar 2004. Cuireadh 31,000 suíochán ar eitleáin sa bhreis ar fáil ó Mhór-Roinn na hEorpa - forás 40% ab ea é sin. Chuaigh Tourism Ireland i mbun margaíocht chomhoibritheach leis na hiompróirí chun feasacht ar Éirinn mar cheann scríbe saoire a uasmhéadú agus chun an t-éileamh a bhíonn ar shaoire in Éirinn a spreagadh, chun an tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna a tháinig as an rochtain mhéadaithe.

Forbairt shuntasach sa réimse seo ab ea na saoráidí breise piara, a mbeifear ábalta seasamh agus imeacht go tapa uathu, agus an dara Críochphort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a dtosófar á n-úsáid ar bhonn céimneach ó 2006 ar aghaidh.

---

<sup>1</sup> 'Ireland Tourism Satellite Account First Steps Project', An Lárionad Náisiúnta Staidéar ar Pholasaí na Turasóireachta, Ollscoil Luimnigh agus an tIonad um Staidéir Pholasaí, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, an Tuarascáil Deiridh Lúnasa 2004.

Leanann rochtain ar muir ag tabhairt breis is 1 milliún cuairteoir chun na tíre seo in aghaidh na bliana, le linn mhíonna an tsamhraidh go hiondúil, agus is ceann de na príomhbhealaí straitéiseacha rochtana chuig an oileán fós í. Rinne Tourism Ireland infheistíocht shuntasach acmhainní sa rannóg de mhargadh na Breataine a bhaineann le turais i gcarranna agus beidh sé ag feidhmiú cláir bhreithe go céimneach sa bhliain 2006.

Leanadh den athmhúnlú agus den athfhócasú sa bhliain 2005 ar struchtúir na turasóireachta nuair a foilsíodh tuarascálacha PriceWaterhouseCoopers (PWC) agus Travers ar struchtúir na Turasóireachta Réigiúnaí. Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe chun cuidiú le Fáilte Ireland moltaí an dá Thuarascáil a chur i bhfeidhm. Chuathas i mbun próiseas leathan comhpháirteachais le páirtithe ábhartha chun cuidiú leis an bpróiseas forfheidhmithe de réir mar a bheidh sé ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2006.

Lean an Roinn dá Rúnaíocht ar Ghrúpa Forfheidhmithe Phlean Gnímh na Turasóireachta le linn na bliana. Bhí baint ag an Roinn chomh maith i gceapadh leanúnach den pholasaí turasóireachta agus bhí tionchar aici ar leagan amach polasaí Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, rud a chuirfidh le turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt.

Cuireadh An Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn de chuid Ghrúpa Forfheidhmithe Phlean Gnímh na Turasóireachta faoi bhráid an Aire san Aibreán agus foilsíodh í ina dhiaidh sin. Shonraigh an Tuarascáil an dul chun cinn a bhí déanta maidir le forfheidhmiú Phlean Gníomh na Turasóireachta, a bhí leagtha amach i dTuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Pholasaí na Turasóireachta – Fís Nua don Turasóireacht: Clár Oibre don Chur i nGníomh – lena n-áirítear measúnuithe ar na gníomhartha a chuir na hearnálacha príobháideacha agus poiblí i bhfeidhm.

Tionóladh an dara Fóram Bliantúil de Thionscal na Turasóireachta i mí na Samhna 2005 agus labhair an Taoiseach agus an tAire aige.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2005 chun próiseas na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí a thabhairt chun cinn maidir le Lárionad Comhdhála a thógáil. Fuarthas

tairiscintí ón Anna Livia Consortium agus ón Spencer Dock International Conference Centre Consortium. I mí na Samhna 2005 d'fhógair an tAire tar éis faomhadh a bheith faighte ón Rialtas go raibh cuireadh á thabhairt do Spencer Dock International Conference Centre Consortium le bheith ina Ghrúpa Tairisceana Tosaíochta don tionscadal. Meastar go gcuirfear an cinneadh faoi bhronnadh an chonartha faoi bhráid an Rialtais le linn 2006 ag brath ar thoradh rathúil a bheith ar na hidirbheartaíochtaí a tharlóidh.

Rinneadh dul chun cinn maith freisin faoin Scéim Forbartha um Tháirge Turasóireachta, atá á riar ag Fáilte Ireland, de bharr go dtáinig faomhadh deontais mar thoradh ar an sainobair mheastóireachta agus mheasúnaithe a bhí riachtanach faoi théarmaí na Scéime. Leithdháladh deontais de €39.6 milliún san iomlán ar 51 tionscadal ar fud na tíre faoi dheireadh 2005.

Sheol an tAire straitéis nua Fáilte Ireland i gcomhair forbairt acmhainní daonna sa tionscal i mBealtaine 2005. Tá teacht a bheith ar lucht oibre dea-oilte ag a mbeadh na scileanna cuí an-tábhachtach más le tionscal turasóireachta na hÉireann a bheith san iomaíocht sa mhargadh turasóireachta domhanda. Lean Fáilte Ireland den turasóireacht a chur chun cinn mar an chéad rogha gairme agus d'fhorbair agus chuir sí cláir ar fáil chun an caighdeán a bhaineann le caighdeán agus gairmiúlacht na seirbhíse a mhéadú san earnáil turasóireachta sa bhliain 2005. Chuir Fáilte Ireland oiliúint ar bheagnach 11,000 duine in imeacht na bliana agus cuireadh béim mhéadaitheach ar leibhéal na scileanna agus ar ábaltacht an tionscail a fheabhsú.

Thug an tÚdarás tacaíocht don tionscal chomh maith maidir le hábaltachtaí bainistíochta a fhorbairt sna réimsí a bhaineann le bheith iomaíoch ó thaobh costais de, le forbairt na n-acmhainní daonna, margaíocht agus airgeadas; rinne sé infheistíocht shuntasach i bhforbairt fiontar; agus fógraíodh tionscnamh nua – líonraí bunaithe ar na contaetha – chun tacaíocht a thabhairt chun fiontair bheaga a fhorbairt.

## **Dul chun cinn i leith Spriocanna Ealaíon, Cultúir agus Scannán**

Tá an sprioc seo a leanas glactha ag an Roinn chuici féin mar a sprioc ardleibhéil do na hEalaíona agus don Chultúr:

*"Comhshaol a chruthú a chabhraíonn le borradh a chur faoi na healaíona agus faoin gcultúr trí fhrámaíocht reachtaíochta, polasaí agus acmhainní chuí a chur ar fáil".*

Tá na cuspóirí a aithníodh chun an sprioc seo a chur i gcrích leagtha amach go mion i Ráiteas Straitéise na Roinne a chlúdaíonn an tréimhse trí bliana 2005-2007 agus atá luaite arís, mar aon le táscairí feidhmiúcháin ábhartha, in Aguisín 1.

### **Cuspóir 1**

**Na forálacha den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill a chur i bhfeidhm.**

Rinneadh an-dul chun cinn maidir leis an gcuspoir seo sa bhliain 2005. Cuireadh na codanna ábhartha den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta i bhfeidhm, lena n-áirítear bunú na mBord reachtúil don Ard-Mhúsaem agus don Leabharlann Náisiúnta. Tá Boird reachtúla nua socraithe agus ag feidhmiú ar an gcaighdeán is airde i dtaca le rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais agus nósanna imeachta oibriúcháin.

### **Cuspóir 2**

**Athbhreithniú ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus ceist stádas féinrialaithe na Cartlainne Náisiúnta san áireamh.**

Rinne an Roinn scrúdú ar fhorálacha reatha an Achta agus é mar aidhm aici tograí reachtúla níos cuimsithí agus cothrom le dáta a thabhairt chun cinn don chartlann oifigiúil. Bhí an Roinn, i gcomhar le Stiúirthóir na Cartlainne Náisiúnta, freagrach as roinnt saincheisteanna nár mhór aghaidh a thabhairt orthu má táthar chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht. Tá líon áirithe saincheisteanna i gceist leis sin lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar reachtaíocht a mbeadh tionchar aici ar aon leasuithe a

dhéanfaí ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, sa todhchaí. Tá fochoiste bunaithe ag Comhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta (CCCN) chun machnamh a dhéanamh ar ghnéithe den Acht um Chartlann Náisiúnta a mbeadh leasú ag teastáil uathu, agus é mar aidhm aige tograí a chur faoi bhráid na Roinne chun breithniú a dhéanamh orthu.

### **Cuspóir 3**

#### **Athbhreithniú ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ).**

Bunaíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) sa bhliain 1928 chun tuairisciú a dhéanamh ar lámhscríbhinní agus ar pháipéir a bhaineann le hÉirinn faoi litríocht, stair agus ábhar ginearálta agus chun comhairle a thabhairt maidir lena gcaomhnú agus lena bhfoilsíú. Bhí sé freagrach chomh maith as socrú a dhéanamh chun féilirí agus catalóga de lámhscríbhinní a fhoilsíú, as facsanna de shaothar lámhscríbhinní tábhachtacha a fhoilsíú agus as leasuithe a dhéanamh ar shaothair thábhachtacha a bhí foilsithe cheana ach atá as cló anois agus iad a athfhoilsíú. D'éirigh go han-mhaith leis an gCLÉ thar na blianta a shainordú bunaidh a bhaint amach agus d'éirigh leis spéis sa bhunábhar a chur chun cinn.

Rinne an Roinn coimisiúnú ar ról agus ar fheidhmeanna an CLÉ níos mó ná dhá bhliain ó shin. Ceann de na príomh-mholtaí a tháinig as an Athbhreithniú sin ab ea gur cheart an CLÉ a bhunú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Cuirfidh an t-eintiteas nua seo, atá bunaithe anois, ar chumas Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a mhisean a chomhlíonadh agus cur leis an taithí fhorleathan atá bailithe aige go dáta.

### **Cuspóir 4**

#### **Déantús scannán a spreagadh agus a chur chun cinn in Éirinn.**

Aistríodh próiseas deimhnithe na dtionscadal faoi Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, chuig na Coimisinéirí Ioncaim le héifeacht ó Eanáir 2005. Is é an tAire fós atá freagrach as iarratais a bhailíochtú don scéim ó thaobh an chomhthéacs chultúrtha de, i ndáil le reachtaíocht na hÉireann agus an AE. Deimhníodh 28 tionscadal dá leithéid san iomlán sa bhliain 2005, ardú ó 22 sa bhliain 2004, agus ba €125.5 milliún san iomlán a caitheadh ar bhuiséid. D'éirigh leis an gcás a rinneadh an scéim faoisimh chánach a

choinneáil don bhliain 2005 chomh maith. Mar thoradh air sin tá an faoiseamh sin dúbailte anois go dtí €3 milliún in aghaidh an scannáin.

Lean an Roinn sa bhliain 2005 ag cur na frámaíochta polasaí agus an mhaoinithe ar fáil chun cur ar chumas Bhord Scannán na hÉireann déantús scannán in Éirinn a chur chun cinn, agus chun margaíocht a dhéanamh ar Éirinn thar lear mar láthair i gcomhair léirithe idirnáisiúnta. Tugann an Bord tacaíocht do gach cineál léirithe scannán ón léiriú is lú go mórléirithe idirnáisiúnta. Ardaíodh leithdháileadh maoinithe an Bhoird ón Státhiste go €4.5 milliún, ardú 22% is ea é sin.

## **Cuspóir 5**

### **Tacú lena thuilleadh forbartha in infreastruchtúr na n-ealaíon agus an chultúir.**

Bliain shuntasach ab ea 2005 d'infheistíocht chaipitil sna healaíona. Dhaingnigh an tAire maoiniú chun athmhúnlú iomlán a dhéanamh ar Amharclann an Theatre Royal i Loch Garman agus chun athchóiriú a dhéanamh ar Amharclann an Gaiety i mBaile Átha Cliath.

Leanadh den athrú sa scála rochtana ar ghníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha mar thoradh ar an Scéim Tacaíochta Caipitil do na hEalaíona agus don Chultúr, ACCESS, a chuireann deontais chaipitil de bhreis is €45 milliún ar fáil do 44 ionad ealaíon agus cultúrtha sa tír.

Ar na tionscadail ealaíon a fuair maoiniú caipitil ón Roinn bhí Coirnéal na Saoirse i mBaile Átha Cliath, Ionad Ealaíon Theach na Cúirte, Liatroim, Ionad Cathartha Dhurlais, Ionad Ealaíon na hUaimhe, Músaem Chathair na Gaillimhe, Daghdha i Luimneach agus Ionad Ealaíon Bhaile na Lorgan. Measann an Roinn go dtiocfaidh ACCESS chun críche sa bhliain seo romhainn nó mar sin agus tá sí i mbun oibre chun scéim deontais chaipitil eile a fhorbairt do na healaíona.

Is ionad cultúrtha a bhfuil bonn maith faoi é Ionad James Joyce a reáchtálann gníomhaíochtaí éagsúla léiritheacha agus oideachais agus bíonn formhór na ngníomhaíochtaí sin bunaithe ar Joyce agus a shaothar. Bhí an tIonad i gcrúachás

airgeadais sa bhliain 2005 agus fiafraíodh den Roinn scrúdú a dhéanamh ar a inniúlacht sa todhchaí. Rinne an Roinn coimisiúnú ar scrúdú chun inmhharthanacht airgeadais an Ionaid a mheas. Ullmhaíodh dréachtphlean gnó ansin. Rinneadh athbhreithniú chomh maith ar an struchtúr bainistíochta agus ar struchtúr an bhoird chun plean tarrthála a fhorbairt don ionad san áit ina bhfuil sé. Cuireadh clár maoinithe dhá bhliain i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2005.

### **Cuspóir 6**

**Éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht na meicníochtaí seachadta i dtaca le tacaíocht Stáit do na healaíona agus don chultúr a fheabhsú trí struchtúir éagsúla na nGníomhaireachtaí Stáit.**

Is í an Chomhairle Ealaíon an phríomhfhoinsé maidir le tacaíocht an Stáit do na healaíona in Éirinn. Sa bhliain 2005 fuair an Chomhairle leithdháileadh de €1 milliún ón Státchiste, ardú de 16% a bhí anseo ar an mbliain a chuaigh roimpi. Úsáideann an Chomhairle an maoiniú sin chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon agus d'ionaid agus d'ócáidí ealaíon sa tír.

### **Cuspóir 7**

**An Amharclann Náisiúnta a thógáil arís.**

Tá tiomantas tugtha sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas chun an Amharclann Náisiúnta a thógáil arís. Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach sa bhliain 2005 chun tiomantas an Rialtais a chomhlíonadh. Tar éis d'Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath tairiscint a dhéanamh i mBealtaine na bliana 2005 ar shuíomh don Amharclann ar Dhuga Sheoirse cuireadh tús le líon mionscrúduithe ar an suíomh d'fhonn a fheiliúnacht a mheas. Cuireadh na réamhscrúduithe uile i gcrích faoi dheireadh na bliana agus léirigh siad go ndéanfadh an suíomh freastal ar na riachtanais a bheadh ag Amharclann nua. I mí na Nollag d'fhaomh an Rialtas go hoifigiúil athfhorbairt na Amharclainne Náisiúnta ag Duga Sheoirse.

## **Cuspóir 8**

### **Tacú le Cultúr Éireann.**

Bhunaigh an tAire comhlacht nua, Cultúr Éireann, i bhFeabhra na bliana 2005, de réir na bhfreagrachtaí atá ar an Aire chun ealaíona na hÉireann a chur chun cinn, taobh istigh den Stát agus taobh amuigh chomh maith - de réir fhorálacha an Achta Ealaíon 2003 - chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíona agus d'ealaíontóirí na hÉireann a bhíonn ag obair go hidirnáisiúnta. Tá an comhlacht nua seo neamhrechtúil, agus iarradh ar an mBord dréachtstraitéis a ullmhú dá ghníomhaíochtaí. Fuair Cultúr Éireann €2 mhilliún de mhaoiniú ina chéad bhliain dá fheidhmiú. Is ardú suntasach atá anseo ar an maoiniú a bhí ar fáil cheana chun na healaíona a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

## **Cuspóir 9**

### **Forbairt straitéiseach fhadtéarmach an Cheolárais Náisiúnta a éascú.**

Tá tiomantas tugtha ag an Rialtas sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas bailchríoch a chur ar fhorbairt straitéiseach fhadtéarmach an Cheolárais Náisiúnta. Chríochnaigh an Roinn saothar mór oibre i dtaca leis an obair athfhorbartha seo. Rinneadh an oiread sin dul chun cinn gur daingníodh faomhadh an Rialtais chun Ceoláras Náisiúnta den scoth a fhorbairt ar shuíomh Ardán Phort an Iarla faoi chomhaontú na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí.

## **Cuspóir 10**

### **Saoráidí stórála/taispeántais sna Forais Chultúir Náisiúnta a mheas agus meastóireacht a dhéanamh orthu.**

Tá Comhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta ag déanamh measúnú ar riachtanais stórála na bhforas. Tá iarrtha ar Chomhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta páipéar seasaimh a chur faoi bhráid na Roinne maidir le córas comhstórála do na forais a léireodh na riachtanais speisialta a bhíonn ag gach ceann de na Forais Chultúir Náisiúnta ar leith.

Cuireadh spás taispeántais nua sealadach ar fáil d'Ard-Mhúsaem na hÉireann trí iarFhoirgneamh na Scoile Eachaíochta i nDún Uí Choileáin a athfhorbairt go sonrach chun an spás taispeántais sealadach seo a chur ar fáil. D'oscail an Scoil Eachaíochta leis an taispeántas *Endurance* a léirigh an turas drámata neasmharfach taiscéalaíochta chuig

an Antartach sa bhliain 1914, a raibh fear Chill Dara Sir Ernest Shackleton ina cheannródaí air, agus ag a raibh lámh chúnta ó Tom Crean ó Abhainn an Scáil. Lean an taispeántas *When Philip Met Isabella*, a raibh rath níos mó fós faoi, an taispeántas sin agus inar taispeánadh na hataí breátha a dhear Philip Treacy, an dearthóir Éireannach.

Chuir an Músaem an mórhaispeántas *History of the Irish Soldier/Military History* chun cinn agus tá sé le bheith oscailte don phobal sa bhliain 2006. Leanadh leis an taispeántas clúiteach *Ulysses* i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sa bhliain 2005.

### **Cuspóir 11**

#### **Spregadh a thabhairt do na Forais Bhailiúcháin Náisiúnta saothair ealaíon agus nithe cultúrtha a cheannach.**

Lean na Forais Bhailiúcháin Náisiúnta sa bhliain 2005 ag ceannach saothar trí úsáid a bhaint as an Scéim Faoisimh Chánach do Thabhartais do Mhaoine Oidhreachta a bunaíodh faoin Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Cheannaigh Dánlann Náisiúnta na hÉireann na saothair seo a leanas; *Bretonne* de chuid Roderic O'Connor agus *An Extensive Wooded River Landscape with Fishermen Hauling in their Nets in the Foreground* de chuid George Barrett. Cheannaigh Músaem Nua-Ealaíon na hÉireann *Dorothy* le Sean Scully, agus *The PJ Carroll Collection*. Lorg Dánlann Chathair Átha Cliath, The Hugh Lane, faomhadh an Aire chun an mheicníocht seo a úsáid chun trí shaothar gan ainm de chuid Francis Bacon a cheannach. Lorg Dánlann Cathrach Crawford úsáid a bhaint as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun *A View of Cork* le Jonathan Butts agus *Skellig Night on the South Mall* le James a cheannach.

Chinn an Rialtas Dánlann Cathrach Crawford a ainmniú mar Fhoras Cultúir Náisiúnta agus bhí an cinneadh seo curtha chun cinn chomh mór sin ag an Roinn faoi dheireadh na bliana go mbeidh aistriú an fhorais sin chuig an Aire á chur i gcrích sa bhliain 2006.

## **Dul Chun Cinn i Leith Spriocanna Spóirt**

Tá an sprioc seo a leanas glactha ag an Roinn chuici féin mar a sprioc ardleibhéal don Spóirt:

*"Ról an spóirt i gcothú stíleanna folláine maireachtála a aithint, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do spéis mhéadaithe agus do rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt, caighdeán an tsaothraithe sa spóirt a fheabhsú agus saoráidí spóirt a fhorbairt ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, trí fhrámaíocht chuí polasaí agus acmhainní".*

Tá na cuspóirí a aithníodh chun an sprioc seo a chur i gcrích leagtha amach go mion i Ráiteas Straitéise na Roinne a chlúdaíonn an tréimhse trí bliana 2005-2007 agus atá luaite arís, mar aon le táscairí feidhmiúcháin ábhartha, in Aguisín 2 den tuarascáil seo.

### **Cuspóir 1**

#### **Úsáid na gcistí poiblí a éascú chun rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíocht spóirt a chur chun cinn.**

Cuireann an Roinn, agus í ag cur an pholasaí spóirt i bhfeidhm, buiséad bliantúil ar fáil, tugann sí tacaíocht do ghníomhaíochtaí Chomhairle Spóirt na hÉireann agus coinníonn sí i dteagmháil go rialta leis an gComhairle chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt, maoiniú agus forfheidhmiú éifeachtach na gelár faoi réir riachtanais airgeadais agus pholasaí an Rialtais. Léiríonn pleananna agus tuarascáil bhliantúil na Comhairle Spóirt an saothrú agus na táscairí a bhíonn á mbaint amach. Beidh athbhreithniú caiteachais á déanamh ar Chomhairle Spóirt na hÉireann sa bhliain 2006.

Sa bhliain 2005 ardaíodh buiséad Chomhairle Spóirt na hÉireann go dtí €34.4 milliún i gcomparáid leis an €13 milliún sa bhliain 2000, a céad bhliain di i mbun feidhmiúcháin. Bhí maoiniú i gcomhair na dtionscnamh nua seo a leanas san áireamh leis an leithdháileadh - €1.5 milliún chun tús a chur le straitéisí forbartha don iomáint agus don chamógaíocht sa tír agus €1 milliún chun tús a chur le straitéisí forbartha na gCluichí

Gaelacha i mBaile Átha Cliath agus €0.75 milliún do chláir a bhíonn dírithe ar rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa spórt a bhaint amach.

Tá an clár taighde atá á dhéanamh i gcomhar leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag tabhairt léargais ar staid an spóirt in Éirinn agus is léir uaidh an treo ba chóir a bheith faoi leagan amach an pholasaí.

## **Cuspóir 2**

### **Soláthar saoráidí spóirt agus caithimh aimsire a éascú ar bhonn náisiúnta.**

Is tríd an gClár Caipitil Spóirt go príomha a leantar ag cur tacaíocht airgeadais ar fáil chun saoráidí spóirt a chur ar fáil go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Fuarthas 1,362 iarratas faoi Chlár Caipitil Spóirt 2005 agus leithdháladh deontais de €63.2 milliún san iomlán ar 645 tionscadal ar fud na tíre. Ó 1998 i leith, tá beagnach €95 milliún san iomlán de mhaoiniú Caipitil Spóirt leithdháilte ar 4,923 tionscadal.

Cé go bhfuil an Clár dírithe go príomha ar chur ar chumas cumainn agus grúpaí pobail saoráidí a chur ar fáil go háitiúil, táthar ag leanúint le maoiniú a chur ar fáil chun raon ionad ilspóirt cathrach a dhéanfadh freastal ar dhaonra agus ar limistéar mór a fhorbairt. Ina measc seo sa bhliain 2005 bhí:

- Staidiam an Bhaile Ghaelaigh, An Rinn €1.18 milliún (beagnach €3.8 milliún go dáta)
- Páirc Le Fanu, Baile Formaid €1 milliún (€2 milliún go dáta)
- Ionad Fóillíochta Dhún Uisce, An Chathair €500,000 (€1.2 milliún go dáta)
- Ionad Spóirt Bhóthar na Laoi, Inis €200,000 (breis is €1.5 milliún go dáta)
- Ionad Spóirt Réigiúnach Phort Láirge €600,000 (breis is €5.7 milliún go dáta)

Ina theannta sin áirítear iad seo a leanas ar na saoráidí spóirt réigiúnacha agus náisiúnta ar leithdháileadh maoiniú orthu:

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

- Páirc an Phiarsaigh, Gaillimh €1.5 milliún (breis is €2.9 milliún go dáta)
- Páirceanna Imeartha na nGael, Luimneach €1 milliún (breis is €2.6 milliún go dáta)
- Ski Club of Ireland, Cill Tiarnáin €1 milliún
- An tIonad Náisiúnta Rámhaíochta, Inis Cara €1 milliún (beagnach €4.6 milliún go dáta)
- CP Bhóthar na Trá Deavón, Rathún €1 milliún (breis €2.2 milliún go dáta)
- CP na Mumhan – Crosaire an Tuirnéara, Corcaigh €50,000 (breis €1.9 milliún go dáta)
- Clár Ciseán Pobail Chispheil Éireann €700,000 (beagnach €1.5 milliún go dáta)
- Club Lúthchleas na Ríochta, Oileán Ciarraí €25,000 (beagnach €2.3 milliún go dáta)
- Institiúid Teicneolaíochta Shligigh €500,000 (breis €1.8 milliún go dáta)
- Ionad Oiliúna Oscar Traynor, An Chúlóg €500,000 (beagnach €1.8 milliún go dáta)
- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí €500,000 (beagnach €0.9 milliún go dáta)
- An Lárionad Náisiúnta Dornálaíochta, Baile Átha Cliath €500,000 (breis €2.4 milliún go dáta)
- Páirc Markievicz, Sligeach €400,000 (breis €50,000 go dáta)
- Páirc na nGearaltach, Cill Airne €400,000 (breis €50,000 go dáta)
- Showgrounds Shligigh €400,000 (beagnach €1.1 milliún go dáta)
- Craobh Chonnacht den IRFU €75,000 (breis €75,000 go dáta)
- An tIonad Náisiúnta Leadóige Faoi Dhíon, Glas Naíon €30,000 (breis €1.1 milliún go dáta).

Cé go ndéanann na tionscadail seo freastal ar riachtanais áitiúla, cuireann siad go mór leis an infreastruchtúr náisiúnta agus réigiúnach spóirt atá ríthábhachtach chun an leibhéal rannpháirtíochta a mhéadú agus chun caighdeán an tsaothraithe a fheabhsú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Léirigh athbhreithniú a rinneadh ar Chlár Caipitil Spóirt na Roinne le linn 2005 go raibh sé riachtanach go bhfeidhmeodh an Clár de réir sainstraitéis shoiléir chun saoráidí spóirt a chur ar fáil agus nár mhór don eolas maidir leis an straitéis teacht as iniúchadh náisiúnta ar na saoráidí spóirt. Bunaíodh grúpa stiúrtha i Meitheamh 2005 chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt straitéise dá leithéid. Tá ionadaithe ón Roinn chomh maith le hoifigigh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Airgeadais, chomh maith le hionadaithe ó Chomhairle Spóirt na hÉireann, ó Fhorbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo. agus ó Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach ar an ngrúpa stiúrtha.

Cé nach bhfuil an fhorbairt atáthar ag déanamh ar straitéis na saoráidí spóirt ach ina tús, táthar ag súil go mbeidh moltaí sa tuarascáil deiridh ar raon saincheistanna cosúil le ról an Chláir Chaipitil Spóirt; comhordú agus comhtháthú níos fearr i measc Ranna agus comhlachtaí éagsúla ar mhaoiniú; rochtain an phobail ar shaoráidí scoile; spriocanna maidir le saoráidí straitéiseacha agus cineálacha saoráidí eile a chur ar fáil sa todhchaí; ról an iniúchta agus a fhorfheidhmiú agus an tionchar a bheidh ag an maoiniú sa todhchaí a thomhas.

Tá sé beartaithe ag an ngrúpa stiúrtha, maidir leis an iniúchadh molta ar na saoráidí, díriú ar dtús ar thaifead de shaoráidí náisiúnta agus réigiúnacha spóirt a chur i dtoll a chéile. Táthar ina bhun sin faoi láthair mar gheall ar an ngá atá ann bunachar sonraí cuimsitheach ar phríomhshaoráidí straitéiseacha a chur i dtoll a chéile chomh tapa is is féidir é, ní amháin chun straitéis éifeachtach fhadtéarmach a leagan amach ach chun an méid deiseanna is is féidir é a chruthú maidir leis na Cluichí Oilimpeacha i Londain sa bhliain 2012.

Ina theannta sin, cuireadh deontas i gcabhair de €14.1 milliún ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla chun linnte snámha poiblí a thógáil/athchóiriú a dhéanamh orthu sa bhliain 2005. Ó cuireadh tús leis an mbabhta seo de Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil sa bhliain 2000 cuireadh breis is €60 milliún de dheontas i gcabhair ar fáil.

Ceann de bhuaicphointí 2005 is ea gur osclaíodh 3 linn snámha don phobal – Páirc na Coille Cathair Chorcaí, Baile Munna, Cathair Bhaile Átha Cliath agus Tuaim, Co. na Gaillimhe. Tugadh faomhadh do 5 thionscadal maidir le cabhair deontais agus cuireadh tús leis an obair thógála i mBaile Mhuineacháin, Baile an Bhuinneánaigh agus Cill Airne i gCo. Chiarraí, Cluain Dolcáin i gCo. Átha Cliath Theas, agus in Eas Géitine i gCo. Luimnigh. Faomhadh cáipéisí conartha do 8 dtionscadal linnte snámha agus chuir sé sin ar a gcumas tairiscintí a lorg agus tugadh faomhadh ar Réamhthuarascálacha/Tuarascálacha Féidearthachta do 10 dtionscadal.

Tá bailchríoch á chur faoi láthair ag an Roinn ar Athbhreithniú Caiteachais an Chláir Linnte Snámha a chuirfidh eolas ar fáil faoin bpolasaí maidir le Clár nua Linnte Snámha.

### **Cuspóir 3**

#### **Athfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún agus forbairt champais saoráidí spóirt ag Baile an Aba a éascú agus forbhreachnú a dhéanamh orthu.**

Sa bhliain 2004 d'aontaigh an Rialtas maoiniú de €191 milliún a chur ar fáil don chomhthionscadal IRFU/FAI i gcomhair athfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún.

In Aibreán na bliana 2005, tar éis comórtas tairisceana, bronnadh conradh ar fhoirne bainistíochta tionscadail agus dearaidh don staidiam. Is é HOK Sport ceannródaí na nDearthóirí Tionscadail agus gheobhaidh siad lámh chúnta ó Scott Tallon Walker chomh maith le Buro Happold agus M-E Engineers. Is iad Project Management Ltd. na bainisteoirí tionscadail.

## **An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005**

Sheol an tAire an dearadh nua mionsonraithe i nDeireadh Fómhair 2005. Cuireadh críoch leis an iarratas pleanála d'fhorbairt an staidiam nua faoi dheireadh na bliana 2005 agus cuireadh isteach an t-iarratas in Eanáir 2006.

Ina theannta sin i Samhain na bliana 2005, d'aontaigh an Rialtas tús a chur le Céim 1 d'fhorbairt an champais spóirt i mBaile an Aba. Cuirfidh an Chéim seo den chlár na nithe seo a leanas ar fáil:

- Ionad oiliúna Náisiúnta do Spórt Páirce a dhéanfaidh freastal ar rugbaí, sacar, na cluichí Gaelacha agus ar haca
- Ionad Oiliúna Náisiúnta Faoi Dhíon a chuirfeadh saoráidí oiliúna den scoth ar fáil do níos nó ná 30 Comhlacht Rialaithe Spóirt
- Cóiríocht a chur ar fáil do mhná agus d'fhir a bhíonn páirteach i spórt; saoráidí eolaíochta spóirt agus saoráidí míochaine
- Páirceanna saorga uile-aimsire chun a bheith in úsáid ag an bpobal, agus
- Athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana chun freastal ar na riachtanais atá aitheanta ag na comhlachtaí spóirt.

Chuir clúdach caipitil na Roinne do 2006-2010 maoiniú ar fáil chun an tionscadal a chur i gcrích. Is €19 milliún costas measta an tionscadail agus tá sceideal 4 go 5 bliana aige go dtí an bhliain 2010.

Chas an tAire le Bord Fhorbairt Champas agus Staidiam Éireann Teoranta i mí na Nollag 2005 chun réadú phleananna Bhaile an Aba a phlé agus tá tús curtha ag Forbairt Champas agus Staidiam na hÉireann Teoranta anois leis an bpróiseas praiticiúil chun mórchlár saoráidí spóirt a sholáthar.

### **Cuspóir 4**

#### **Tacú le forbairt na hEarnála Capall agus Con in Éirinn.**

Coinníonn an Roinn i dteagmháil go rialta le Rásaíocht Chapall Éireann agus le Bord na gCon maidir le forfheidhmiú fhorálacha na reachtaíochta i ndáil le rásaíocht chapall agus

gcon, go háirithe an tAcht um Rásaíocht Chapall agus na Chon 2001 agus cuireann sí tacaíochta ar fáil don dá chomhlacht maidir lena gCláir Forbartha Caipitil a chur i bhfeidhm. Léiríonn tuarascálacha bliantúla an dá ghníomhaireacht na leibhéil feidhmiúcháin agus na táscairí a bhfuiltear á gcomhlíonadh.

### **Cuspóir 5**

#### **Freastal ar fhreagrachtaí na Roinne i dtaca le saincheisteanna spóirt arna éileamh ag an Aontas Eorpach, ag an gComhairle Eorpach agus ag an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála.**

Déanann an Roinn ionadaíocht ar Éirinn maidir le saincheisteanna spóirt, lena n-áirítear saincheisteanna frithdhópála, mar a éilíonn an tAontas Eorpach, An Chomhairle Eorpach, an Gníomhaireacht Dhomhanda frithdhópála agus UNESCO. Sa bhliain 2004 agus 2005 bhí an Roinn agus an Chomhairle Spóirt páirteach in ullmhú Choinbhinsiún Domhanda Frithdhópála nua UNESCO, lena gglacadh i nDeireadh Fómhair 2005. Tá tús curtha ag an Roinn le próiseas chun an Coinbhinsiún a dhaingniú, a eascraíonn as Cód na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála agus as Coinbhinsiún Frithdhópála na Comhairle Eorpaí.

## Dul Chun Cinn i leith Spriocanna Turasóireachta

Tá an sprioc seo a leanas glactha ag an Roinn chuici féin mar a sprioc ardleibhéil don Turasóireacht:

*"Tacú le forás inbhuanaithe thionscal na turasóireachta agus cuidiú leis aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chomórtais trí raon de ghníomhartha agus de chláir polasaí a fhorbairt, a fhorfheidhmiú agus trí thionchar a imirt orthu chun an leas is fearr a bhaint as buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta na hearnála d'Éirinn."*

Tá na cuspóirí a aithníodh chun an sprioc seo a chur i gcrích leagtha amach go mion i Ráiteas Straitéise na Roinne a chlúdaíonn an tréimhse trí bliana 2005-2007 agus atá luaite arís, mar aon le táscairí feidhmiúcháin ábhartha, in Aguisín 3 den tuarascáil seo.

### Cuspóir 1

**Cur i bhfeidhm na straitéise d'fhorbairt inbhuanaithe thurasóireacht na hÉireann 2003-2012 a éascú mar atá leagtha amach i dTuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Pholasaí na Turasóireachta.**

Ba í an Roinn a bhí ina Rúnaíocht ar Ghrúpa Forfheidhmithe Phlean Gnímh na Turasóireachta le linn 2005. Bhí baint ag an Roinn chomh maith i gceapadh an pholasaí turasóireachta agus bhí tionchar aici ar leagan amach polasaí i Ranna agus i nGníomhaireachtaí eile, rud a chuirfidh le turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt.

Cuireadh An Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn de chuid Ghrúpa Forfheidhmithe Phlean Gnímh na Turasóireachta faoi bhráid an Aire san Aibreán agus foilsíodh í ina dhiaidh sin. Shonraigh an Tuarascáil an dul chun cinn a bhí déanta maidir le forfheidhmiú Phlean Gnímh na Turasóireachta, a bhí leagtha amach i dTuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Pholasaí na Turasóireachta "*Fís Nua*", a foilsíodh i Meán Fómhair 2003 lena n-áirítear measúnuithe ar na gníomhartha a chuir na hearnálacha príobháideacha agus poiblí i bhfeidhm. Tionóladh an dara Fóram Bliantúil de Thionscal na Turasóireachta i mí na Samhna 2005 agus labhair an Taoiseach agus an tAire aige. Cuireadh tuairisc faoi bhráid

ionadaithe an tionscail ag an bhFóram sin inar léiríodh cé mar a bhí ag éirí le forfheidhmiú na Straitéise Turasóireachta *Fís Nua* agus bailíodh aiseolas maidir le treo an pholasaí sa todhchaí.

## **Cuspóir 2**

### **Éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht na meicníochtaí seachadta do thacaíocht an Stáit i leith na turasóireachta a fheabhsú trí struchtúir Ghníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit.**

Leathnaigh agus d'fheabhsaigh Fáilte Ireland an réimse seirbhísí a chuireann sé ar fáil d'earnáil na turasóireachta le linn a dhara bliain iomlán dó i mbun feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin dhírigh sé isteach níos géire ar an ról atá aige i bhforbairt na turasóireachta.

Rinne Fáilte Ireland coimisiúnú ar PriceWaterhouseCoopers (PWC) sa bhliain 2004 chun mórstaidéar comhairliúcháin a dhéanamh ar struchtúir réigiúnacha na turasóireachta mar go raibh faoi an bealach is fearr a aimsiú chun a shainordú nua forbartha don tír a chur i bhfeidhm. Chuidigh grúpa neamhspleách faoi chathaoirleacht an Uas. John Travers leis an obair sin agus dhírigh siad go sonrath ar shaincheisteacha a bhain le Réigiún Átha Cliath. Cuireadh tuarascálacha an PWC agus Travers ar fáil sa bhliain 2005. Moltar iontu béim mhéadaithe a leagan ar mhargaíocht sprioctha, ar fhorbairt táirgí agus ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair agus nasc comhtháite a chur i bhfeidhm idir straitéis réigiúnach na turasóireachta agus an polasaí náisiúnta agus an leas is fearr is féidir a bhaint as bealaí chun acmhainní méadaitheacha a thabhairt chun cinn. Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe chun cuidiú a thabhairt do Fáilte Ireland maidir le socruithe chun na struchtúir nua a chur i bhfeidhm. Le linn 2005 chuaigh an grúpa seo i dteagmháil go rialta le páirtithe gaolmhara, lena n-áirítear Údarás reatha Réigiúnacha na Turasóireachta agus grúpaí ionadaíoch an tionscail, chun an próiseas forfheidhmithe a éascú. Táthar ag leanúint den fhorfheidhmiú le linn 2006 agus táthar ag súil go mbeidh a thionchar le feiceáil sna réigiúin le linn na bliana.

Rinne Tourism Ireland a thuilleadh dul chun cinn sa bhliain 2005 maidir le príomhghníomhartha a leanann óna Athbhreithniú Eagraíochta a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh sé sin go mbeidh an chuideachta ‘oiriúnach don Fheidhm’ i margadh spreagúil bríomhar. Aontaíodh ar Mheabhrán Airgeadais athbhreithnithe don chuideachta ar bhonn Thuaidh-Theas sa bhliain 2005. Is éard atá sa Mheabhrán ná na dea-chleachtais is fearr maidir leis an rialachas corparáideach atá sa dá dhlínse a thabhairt le chéile ach ag an am céanna cuireann sé dóthain solúbthachta oibriúcháin a chur ar fáil chun a shainordú a chur i gcrích.

Daingníodh acmhainní breise do Tourism Ireland sa bhliain 2005 chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht a chlár mhargaíochta thar lear. Chuidigh na hacmhainní seo ach go háirithe leis an gcuideachta athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar Tourism Brand Ireland – na hábhair chumarsáide agus an teachtaireacht trí bliana atá mar bhonn ag a fheachtas margadóchta ceann scríbe sna margáí coigríocha. Léiríonn an feachtas ceann scríbe domhanda nua a chosain €50 milliún agus a seoladh i mí na Nollag 2005, príomhláidreachtaí na hÉireann – na radharcanna áille, muintearas na ndaoine agus an cultúr beo agus stairiúil a mbíonn dáimh ag turasóirí leis. Déanann sé freastal chomh maith ar an riachtanas aitheanta soiléir atá ag cuairteoirí ionchasacha a thuilleadh eolais a fháil ar céard a bheadh i gceist le saoire in Éirinn. Cuireann an fhógraíocht nua beocht sa raon leathan de roghanna saoire agus gníomhaíochtaí atá ar fáil in Éirinn. Is í seo a leanas an phríomhtheachtaireacht atá mar bhonn ag an bhfeachtas “*Great Places and Activities – Brought to Life by Great People*”.

### **Cuspóir 3**

**A chinntiú go bhfuil na hacmhainní do mhargaíocht agus do chur chun cinn na turasóireachta, d’fhorbairt na n-acmhainní daonna agus d’fhorbairt táirgí imlonnaithe chomh mór is is féidir é d’fhonn cuspóirí agus na moltaí a leagadh amach sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas, sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus i dTuarascáil Athbhreithnithe Pholasaí na Turasóireachta a chur i bhfeidhm.**

Bhí leibhéal ard gnóthachtála sa bhliain 2005 maidir leis na caighdeáin a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus gairmiúlacht in earnáil na turasóireachta a mhéadú. Sheol an tAire straitéis Forbartha Acmhainní Daonna Fáilte Ireland i mBealtaine na bliana 2005. Leagann an cháipéis seo amach na príomhphointí ar cheart do Fáilte Ireland béim a leagan orthu maidir le forbairt eagraíochta agus daoine in earnáil na turasóireachta go dtí an bhliain 2010. Tá sí curtha le chéile chun a chinntiú go gcuirfí neart faoi earnáil na ngnóthas beag, go bhforbrófaí an fhoireann idirnáisiúnta sa tionscal agus go leanfaí le fágáilithe scoile a mhealladh chun na hearnála.

Ghlac beagnach 11,000 duine de thionscal na turasóireachta páirt sa bhliain 2005 i gcláir oiliúna agus oideachais a bhí dírithe ar scileanna praiticiúla a fhorbairt agus ar ábaltacht sna príomhréimsí a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí agus le bainistíocht fiontar a chur chun cinn. D'fhreastail dhá mhíle dhéag mac léinn ar chúrsaí oiliúna creidiúnaithe Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) ag Ionaid Oiliúna Fáilte Ireland agus ghlac 1,250 oiliúnaí páirt i gcúrsaí 'filleadh ar an obair'. Ghlac geall le 2,430 mac léinn páirt i gcláir a bhain leis an turasóireacht ag Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre agus cláraíodh 500 printíseach cócaire ar an gClár Printíseachta Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil. Is é Clár Forbartha trí bliana Fáilte Ireland ar Bhainisteoirí Faoi Oiliúint an t-aon chlár lánaimseartha i mBainistíocht Óstán atá bunaithe ar an tionscal turasóireachta. Sa bhliain 2005 ghlac 140 Bainisteoir Faoi Oiliúint ó 71 óstán faoifa páirt sa chlár as a bhféadfaí dámhachtain de Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna a bhaint amach dá bharr.

Lean Fáilte Ireland dá chlár ar fhorbairt ghairmiúil leantach a cuireadh i dtoll a chéile chun breisfhoghlaim agus breisfhorbairt a chur chun cinn dóibh siúd atá ag obair sa tionscal cheana féin. Tá réimse leathan scileanna i gceist leis na cláir sin ó scileanna gnó agus eagrúcháin san airgeadas agus sa mhargaíocht go scileanna oibriúcháin a chlúdaítear i gcláir cosúil le "Freagracht maidir le hAlcól a Leagan chuig Duine" agus "Sábháilteacht agus Sláinteachas Bia". Cuireann cláir ar Fhorbairt Ghairmiúil Leantach deis thábhachtach ar fáil i gcomhair foghlaim leanúnach inseirbhíse agus d'fhreastail geall le 5,000 duine ar na cláir sin sa bhliain 2005.

Tá na spriocanna caiteachais i réimsí den fhorbairt oiliúna, earcaíochta agus ghnó agus an feidhmiúchán in aghaidh na sainspriocanna a leagadh amach i gcomhair bearta oiliúna agus fostaíochta faoi Chlár Oibriúcháin Fhorbairt na nAcmhainní Daonna agus na Fostaíochta de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta don tréimhse 2005-2006 á mbaint amach de réir sceidil.

Rinneadh a thuilleadh dul chun cinn i gcomhar le Cónaidhm Óstán na hÉireann chun córas nua rangaithe éigeantach a dhréachtú d'óstáin na hÉireann. Táthar ag súil go dtosófaí ar iniúchtaí, ag brath ar chomhaontú deiridh a fháil, ag úsáid an chritéir nua sa bhliain 2006 agus é i gceist leis go ndéanfaí iniúchadh dá leithéid ar gach óstán thar na hocht mí dhéag a leanann. Beifear ábalta ansin rangú nua a úsáid i bhfoilseacháin do shéasúr 2008 a fhoilseofar faoi dheireadh na bliana 2007.

Tá Scéim Forbartha um Tháirge Turasóireachta Fáilte Ireland cómhaoinithe faoi Chlár Réigiúnach Oibriúcháin an Phlean Forbartha Náisiúnta. Is é príomhchuspóir na Scéime scaipeadh spásúil na turasóireachta a fheabhsú in Éirinn agus tá sí dírithe ar chúnamh a thabhairt do cheantair turasóireachta, nach bhfuil go leor forbartha déanta iontu, a n-inniúlacht a bhaint amach agus ionaid nua faoina mbeadh forás láidir turasóireachta a tabhairt chun cinn.

Is é Fáilte Ireland a dhéanann measúnú agus meastóireacht ar iarratais faoin scéim agus déanann Boird neamhspleácha Bainistíochta Táirge, a bunaíodh go sonrach chun na críocha sin, cinntí maidir le hiarratais aonarach a dhéanann. Tá an dul chun cinn faoin Scéim seo tugtha chun cinn go maith go ginearálta agus ag deireadh na bliana 2005 tugadh faomhadh deontas de €40 milliún san iomlán (as ciste iomlán deontas de €50 milliún) maidir le 53 tionscadal ar fud na tíre. Áirítear leis an tsuim sin €2 milliún i gcomhair 35 tionscadal i Réigiún na Teorann agus an Lár-Iarthair agus €8 milliún i gcomhair 18 tionscadal i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir.

Tugadh faomhadh don ghlaoch deiridh den scéim in Eanáir 2006. Táthar chun na cinntí uile nach bhfuil cinneadh déanta fúthu, lena n-áirítear tograí a bhaineann le Bainistíocht Turasóireachta/An Chomhshaoil a fuarthas faoin nglaoch deiridh a dheifriú le linn 2006.

Bhunaigh Fáilte Ireland sainghrúpa sa bhliain 2005 chun taighde agus athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna straitéiseacha atá ann chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt agus ar chur i láthair na bpríomhghnéithe a bhaineann le táirge turasóireachta na hÉireann. Bhunaigh Fáilte Ireland an sainghrúpa seo mar fhreagra ar na laige atá aitheanta i bhforbairt agus nuáil táirge. Déanann an grúpa seo ionadaíocht ar thurasóireacht phríobháideach agus phoiblí agus ar leasanna an táirge oidhreachta. Is é an cuspóir atá leagtha amach don ghrúpa, de réir na moltaí a rinneadh sa straitéis Fís Nua treoir a thabhairt – don infheistíocht a dhéantar san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon – ar mhargaí sa todhchaí agus ar threochtaí earnálacha, ar threochtaí a bhaineann le forbairt táirge i gcinn scríbe na n-iomaitheoirí, ar ionchais na dtomhaltóirí agus tuairim na dtomhaltóirí i leith táirgí atá sa mhargadh cheana féin.

Déanfaidh an t-athbhreithniú scrúdú ar dheiseanna ionchasacha a bheadh ar fáil don táirge, ar ionchais na n-infheisteoirí agus na bpáirtithe leasmhara agus ar dheiseanna maidir le forbairt réigiúnach go sonrach chomh maith. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an tuarascáil teimpléad ar fáil chun táirge na turasóireachta a fhorbairt in Éirinn i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013. Táthar ag súil go mbeidh sé ar fáil i Samhradh na bliana 2006.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2005 chun na sainriachtanais ghnásúla a bhaineann leis an bpróiseas Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí a thabhairt chun cinn maidir le Lárionad Comhdhála Náisiúnta, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2003, a chur ar fáil. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí atá i mbun bainistíochta air faoi stiúir Grúpa Stiúrtha faoi chathaoirleacht na Roinne.

Tar éis cáipéisíocht tairisceana a eisiúint i mí na Nollag ar thrí fheadhnacht a bhí ar an ngearrliosta, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin leis na tairgeoirí agus bhí sé i gceist

ag an bpróiseas sin, inter alia, soiléiriú a chur ar fáil agus nuair ba ghá, éisteacht a thabhairt do shaincheisteanna na dtairgeoirí.

Cuireadh tairiscintí d'fhoráil an Lárionaid Chomhdhála Náisiúnta faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí ó dhá thairgeoir, an Anna Livia Consortium agus an Spencer Dock International Conference Centre Consortium i mBealtaine 2005. Críochnaíodh sainmheasúnú agus meastóireacht ar na tairiscintí a fuarthas agus chuaigh an measúnú agus an mheastóireacht sin de réir chritéir an bhronnta a bhí leagtha amach sa cháipéis “Cuireadh chuig Idirbheartaíocht” agus rinne Grúpa Stiúrtha an Lárionaid Chomhdhála Náisiúnta breithniú ar Thuarascáil an Phainéil Mheasúnaithe.

I mí na Samhna 2005, de bhun chinneadh an Ghrúpa Stiúrtha, d'fhógair an tAire go raibh cuireadh á thabhairt do Spencer Dock International Conference Centre Consortium a bheith ina Ghrúpa Tairisceana Tosaíochta Sealadach chun Lárionad Comhdhála Náisiúnta a thógáil i mBaile Átha Cliath. Lean an tÚdarás Conraitheoireachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, faoi réir an phróisis chomórtais, dá theagmháil leis an nGrúpa Tairisceana Tosaíochta Sealadach chun idirbheartaíocht a dhéanamh, réiteach agus comhaontú a fháil ar aon leasuithe a bhí le déanamh ar an gcomhaontú tionscadail agus chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna a bhain le dícheallacht chuí a bhí fágtha gan réiteach.

Cuirfear an cinneadh faoi bhronnadh an chonartha faoi bhráid an Rialtais níos déanaí i mbliana ag brath ar thoradh na n-idirbheartaíochtaí agus ar chríoch rathúil a bheith faighte ar ghnéithe eile den phróiseas.

Chomhaontaigh an tAire agus an tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann ar Phlean Corparáideach 2005 go 2007 agus ar Phlean Gnó agus ar riachtanais bhuiséadaithe Tourism Ireland. I dtaobh polasaí de, tá na Pleananna Corparáideacha agus Oibriúcháin ag dul de réir na teorach a leagadh amach sa Tuarascáil Fís Nua agus béim ar leith ar scaipeadh réigiúnach níos fearr a bhaint amach, ar fhorbairt rochtana, ar ríomh-mhargaíocht agus ar athbheochan mhargaí na Breataine agus Mhór-Roinn na hEorpa.

Forálann na Pleananna Corparáideacha agus Gnó d'fhorfheidhmiú Athbhreithniú Eagraíochta Tourism Ireland chomh maith ag a bhfuil sé mar aidhm na hacmhainní a cheangal níos mó leis na cuspóirí lena n-áirítear go háirithe ábaltachtaí ríomh-mhargaíochta Tourism Ireland a fhorbairt.

Ó thaobh scaipthe níos mó den turasóireacht ar na réigiúin de a chur chun cinn, d'fheidhmigh Tourism Ireland líon áirithe cur chuigí nuálacha go céimneach a bhí dírithe ar an tionchar a bhíonn ag a ghníomhaíochtaí margaíochta thar lear ar na réigiúin a mhéadú. Áiríodh orthu sin an léargas a thugtar ar na réigiúin ina réimse iomlán gníomhaíochtaí margaíochta a thabhairt chun cinn; ciste margaíochta tiomnaithe a bhunú i gcomhair tionscnamh comhoibritheach beartach i gcomhar le hÚdaráis Réigiúnacha na Turasóireachta; cur chuige in aghaidh an réigiúin a chur i bhfeidhm sa Bhreatain chun tairbhe a bhaint as bealaí díreacha rochtana chuig na réigiúin; sainfheachtais a chuireann cósta thiar na hÉireann chun cinn i Meiriceá Thuaidh; agus cur chuige 'aon réigiún' a chur i bhfeidhm san Eoraip ionas go ndíreodh gach oifig mhargaíochta de chuid Tourism Ireland ar réigiún ar leith chun na gnéithe is dual don réigiún áirithe sin a chur ar shúile an lucht trádála áitiúil.

Thosaigh an chuideachta ag obair chomh maith ar shraith nua de shuímh ghréasáin dhomhanda a fhorbairt a bheadh deartha chun an branda nua margaíochta a chomhlánú agus chuir sí líon áirithe tionscnamh nua i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an scaipeadh réigiúnach – chun tairbhe a bhaint as an rochtain dhíreach mhéadaithe a cur chuig na réigiúin ó na príomh-mhargaí, go háirithe an Bhreatain agus Mór-Roinn na hEorpa. Chuir sí na moltaí a tháinig mar thoradh ar an athbhreithniú a rinneadh sa bhliain 2004 ar Mhargaí na Breataine agus Mhór-Roinn na hEorpa i bhfeidhm agus chuir sí tús le hathbhreithnithe ar Mhargadh Mheiriceá Thuaidh agus ar Mhargaí Nua agus Margaí atá i mbéal Forbartha.

Thug an Roinn tús áite i bpolasaí Ghníomhaireachtaí na Turasóireachta do ríomh-mhargaíocht chomhtháite den scoth a bheadh sofhreagrach don mhargadh. D'oibrigh sí i gcomhar lena comhRoinn i dTuaisceart Éireann chun cur chuige uile-oileáin a dhaingniú

maidir le bonn ceart ríomh-mhargadóir a fhorbairt. Mar thoradh air sin rinneadh an-dul chun cinn sa bhliain 2005 ar bhunachar sonraí nua cuimsitheach uile-oileáin don turasóireacht a fuair a chuid eolais ó na trí ghníomhaireacht, Fáilte Ireland, Tourism Ireland agus Bord Turasóirí Thuaisceart Éireann. Seolfaidh Tourism Ireland sraith de shuímh ghréasáin bhreithe do chustaiméirí ar gach ceann dá mhargaí móra thar lear.

#### **Cuspóir 4**

**An scóip do ghníomh comhoibritheach thar thrí réimse fheidhme na Roinne (.i. na healaíona agus an cultúr, an spórt agus an turasóireacht) a aithint agus a chur chun cinn d'fhonn forbairt na n-earnálacha lena mbaineann a bhreisiú ar a leas go léir sa toadhcháil.**

Tá ról ceannasach glactha ag an Roinn ar líon áirithe trastionscnamh feidhme a chur ar a cumas comharghníomhaíochtaí níos dlúithe a fhorbairt in earnálacha na n-ealaíon, an spóirt agus na turasóireachta. An rud is suntasaí sa bhliain 2005 ná gur éascaigh an Roinn tosaíochtaí straitéiseacha a aithint maidir le leagan amach polasaí. Chuidigh an obair seo le tionscadal mór a bhí ar bun ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun na staitisticí a cheangal níos dlúithe le riachtanais pholasaí. Mar thoradh air sin cheadaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh acmhainní breise i gcomhair Staitisticí na Turasóireachta agus thug sí faomhadh do thionscnaimh nua sa réimse sin.

Bunaíodh grúpa forfheidhmithe comharghníomhaíochtaí chun scrúdú a dhéanamh ar shocruithe agus ar na tairbhí ionchasacha a bheadh le comhoibriú agus cumarsáid bhreithe idir earnáil na n-ealaíon, an spóirt agus na turasóireachta. Rinneadh dul chun cinn suntasach agus foilseofar tuarascáil sa bhliain 2006.

Tá baint ag an Roinn chomh maith i gComhoibriú níos dlúithe Thuaidh-Theas a chur chun cinn thar na trí earnáil, agus dá bharr sin bhunaigh sí an Grúpa Gnímh Thuaidh Theas sa bhliain 2005 chun sraith gníomhartha a aithint agus a chur i bhfeidhm chun comhoibriú níos dlúithe a fhorbairt ar an oileán – go háirithe i measc na ngníomhaireachtaí agus na bhforas a fheidhmíonn in earnáil na n-ealaíon, an chultúir, an

## **An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005**

spóirt agus na turasóireachta. Cuireadh go leor de na gníomhartha a aithníodh i bhfeidhm in 2005.

Ina theannta sin, tá obair ag dul ar aghaidh chun comhoibriú a chur chun cinn trí Chomhairle na Breataine na hÉireann agus tá tionscnaimh thairbheacha maidir le staitisticí na turasóireachta agus le hoiliúint na turasóireachta mar thoradh air.

## **Dul chun cinn i leith Spriocanna na Seirbhísí Corparáideacha**

Tá an sprioc seo a leanas glactha ag an Roinn chuici féin mar a sprioc ardleibhéil do Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha:

*"Athrú eagraíochtúil agus acmhainní a bhainistiú d'fhonn seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus d'fhonn an polasaí díláraithe a chur i bhfeidhm".*

Tá na cuspóirí a aithníodh chun an sprioc seo a chur i gcrích leagtha amach go mion i Ráiteas Straitéise na Roinne a chlúdaíonn an tréimhse trí bliana 2005 – 2007 agus atá luaithe arís, mar aon leis na táscairí feidhmiúcháin ábhartha, in Aguisín 4 den tuarascáil seo.

### **Cuspóir 1**

#### **Seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí.**

Leanúint de bheith ag cur seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí an dúshlán corparáideach ba mhó a raibh ar an Roinn dul i ngleic leis sa bhliain 2005 agus a mbeidh uirthi dul i ngleic leis sa dá bhliain seo romhainn go speisialta ó tharla athrúchán mór foirne a bheith ag tarlú sa tréimhse sin mar gheall ar dhílárú na Roinne go Cill Airne faoi dheireadh na bliana 2007.

Tá an tseirbhís, Cairt don Chustaiméir, i bhfeidhm sa Roinn ó Bhealtaine na bliana 2003 agus tá an plean a bhaineann leis sin á fhorfheidhmiú. Coinníonn an Coiste Comhpháirtíochta an dul chun cinn faoi athbhreithniú agus tá Seirbhís don Chustaiméir mar phointe seasta aige ar an gclár.

Bhí an Roinn áirithe sa chéad ghrúpa de chomhlachtaí poiblí a d'ullmhaigh Scéim Reachtuil faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Forbraíodh an Scéim agus aighneachtaí a fuarthas trí phróiseas poiblí comhairliúcháin maille le tuairimí agus moltaí na foirne sa Roinn á dtabhairt san áireamh. Tháinig an Scéim trí bliana i bhfeidhm i mí

Iúil 2005. Tá sé i gceist sa Scéim an raon de mhodhanna scríofa agus leictreonacha cumarsáide a chur i dtoll a chéile go dátheangach agus inniúlacht ar Ghaeilge a fhorbairt i measc na foirne chun an soláthar seirbhísí idirphearsanta i gcoitinne i nGaeilge a éascú. Tá tiomantais na Scéime á gcomhlíonadh ag an Roinn agus tá raon de sheirbhísí breise á soláthar aici i nGaeilge as na hacmhainní reatha atá aici agus le cuidiú ón gcuid sin den fhoireann sa Roinn a bhfuil scil acu sa teanga. Mar shampla, foilsíodh na treoirlínte agus an fhoirm iarratais don Chlár Caipitil Spóirt 2006 i nGaeilge i mí na Samhna 2005 agus cuireadh ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla iad le tógáil anuas dár suíomh gréasáin. Tá oiliúint intí sa teanga á cur ar fáil don fhoireann chun cur ar a cumas a bheith níos inniúla ar an nGaeilge.

Seoladh Clár Caipitil Spóirt 2006 i mí na Samhna 2005. Rinneadh athdhéanamh agus athscríobh ó bhun ar na treoirlínte agus ar an bhfoirm iarratais don Chlár i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh ionas go mbeadh siad níos áisiúla don chustaiméir. Dearadh foirm iarratais nua in MS Word agus cuireadh ar fáil do chustaiméirí í. Rinne an fhoireann cur i láthair ag cruinnithe poiblí lasmuigh den Roinn a bhí eagraithe ag údaráis áitiúla, ag na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt mar chabhair do chustaiméirí chun bheith ar an eolas faoin gClár agus chun comhairle agus treoir a thabhairt dóibh.

Déantar feidhmiú an tsoláthair i gcóimheas leis na cuspóirí mar atá leagtha síos sa Chairt don Chustaiméir a thomhas trí chártaí saorphoist na seirbhíse don chustaiméir, suirbhéanna teileafóin, nós imeachta na ngearán agus tríd an gcóras rianaithe atá ann i ndáil le comhfhreagras an Aire. Taispeánann an scrúdú a rinneadh ar a raibh scríofa ar nótaí tráchta chártaí saorphoist na seirbhíse don chustaiméir gur mheas 93% de na freagróirí go raibh na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil ag teacht le hionchais nó sa bhreis ar na hionchais. Déantar na suirbhéanna teileafóin gach sé mhí chun fáil amach an bhfuilimid ag cloí leis na tiomantais a thugamar i gCairt an Chustaiméara. Tá córas rianaithe i bhfeidhm chun fáil amach cén t-achar a thógann sé freagra a fháil ar chomhfhreagras chuig an Aire. Faoi láthair eisítear admháil ar gach comhfhreagras leis an Aire taobh istigh de 2 lá oibre agus eisítear an freagra deireanach in 89% de na

cásanna taobh istigh de 20 lá oibre. Déantar athbhreithniú go rialta ar na rátaí freagartha le súil is go bhféadfaí scála na bhfreagraí deireanacha a eisítear taobh istigh de 20 lá, a ardú. Tá nós imeachta gearán, ar ghlac Oifig an Ombudsman leis, i bhfeidhm.

Táthar i mbun athbhreithnithe ar an gCairt, atá le bheith críochnaithe i nDeireadh Fómhair 2006, chun féachaint leis an soláthar seirbhísí a fheabhsú a thuilleadh, modhanna oiriúnacha i ndáil le measúnú ar an tseirbhís don chustaiméir a scrúdú agus ionramháil a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag forfheidhmiú pholasaí an dÍlraithe ar an tseirbhís don chustaiméir.

Leanadh den obair i dTeicneolaíocht na Faisnéise chun cur leis an gcumas sa réimse seo chun tacú le misean agus cuspóirí na Roinne a chur i bhfeidhm. D'éirigh leis an Roinn an t-ascnamh chuig líonra príobháideach fíorúil nua “Champas” na Roinne i gcomhair nascacht sheachtrach a chur i gcrích. Críochnaíodh iniúchadh neamhspleách ar shlándáil Líonra na Roinne sa bhliain 2005 agus cuireadh na moltaí a tháinig as sin i bhfeidhm.

Nearthaíodh arís córas slándála Theicneolaíocht na Faisnéise atá ag an Roinn trí chórais frithviris, córais scagacháin ríomhphost agus gréasáin i gcomhair slándáil agus sláine an líonra a chur isteach agus go speisialta cuireadh isteach bogearraí frithspiadóra chun cur in aghaidh na mbagairtí méadaitheacha atá ann do chórais TF. Ina theannta sin leanadh d'uasghrádú an fhalla tine de réir mar ba ghá.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar Straitéis TF na Roinne do 2003 – 2006 agus réitíodh an t-ullmhúchán don Straitéis nua a chlúdóidh an tréimhse 2006 – 2010. Déanfaidh sí seo éascaíocht don Roinn nuair a bheidh an dÍlárú ag tarlú agus tá an chosúlacht air anois gur sa leath deiridh den bhliain 2007 a bheidh sé sin ann. Nearthaíodh na córais chriticiúla cúlta leis sa bhliain 2005 agus tá a thuilleadh tionscnamh beartaithe sa réimse seo don bhliain 2006.

Lean an Roinn de bheith ag díriú go príomha sa réimse a bhain le polasaithe Shochaí na Faisnéise agus na Seirbhíse ríomhPhoiblí a neadú san eagrú agus sa phleanáil a bhain leis

an Roinn, ar a suíomh gréasáin ([www.gov.ie/arts-sport-tourism](http://www.gov.ie/arts-sport-tourism)) a fhorbairt agus uasghrádú a dhéanamh air. Déanann an Roinn monatóireacht rialta ar ábhar an tsuímh ghréasáin chun a chinntiú go mbíonn sé cothrom le dáta. Tá sé fós ar cheann de shuímh ghréasáin an Rialtais ba thúisce a fuair deimhniú mar go bhfuil sé chomh hinrochtaineach is is féidir leis a bheith d'úsáideoirí faoi mhíchumas, agus déanann comhairleoir seachtrach an leibhéal inrochtaineachta seo a sheiceáil go míosúil. Sheol an Roinn Suíomh Gréasáin nuaidh go luath sa bhliain 2006.

### **Cuspóir 2**

#### **Ábaltacht agus solúbthacht eagraíochtúil agus indibhidiúil a uasmhéadú agus dílárú a chur i bhfeidhm.**

Tá an Roinn fós tiomanta don tsolúbthacht san eagraíocht agus áirítear leis sin bogadh ó na pointí deighilte agus ó na dualgais agus ó na feidhmeanna a bhíodh sannta go traidisiúnta más cabhair é sin chun na príomhchuspóirí atá inár bPlean Gnó agus inár Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm go héifeachtach feidhmiúil.

Chuir, foireann thrasRannach faoi scáth Choiste Comhpháirtíochta na Roinne tús le hathbhreithniú ar Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne i bhfómhar na bliana 2005. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi shamhradh na bliana 2006 nuair a chuirfear tús le forfheidhmiú na straitéise leasaithe.

Rinne Foireann ThrasRannach athbhreithniú ar struchtúir agus ar phróiseas na Comhpháirtíochta i ndeireadh na bliana 2005. Chríochnaigh an fhoireann a cuid oibre faoi dheireadh 2005 agus déanfaidh an Coiste Comhairleach Bainistíochta agus an Coiste Comhpháirtíochta a torthaí a mheas luath sa bhliain 2006. Cuirfear próiseas nua comhpháirtíochta i bhfeidhm ina mbunófar foghrúpaí nua buana chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, Bainistíocht Acmhainní Daonna agus saincheisteanna Theicneolaíocht na Faisnéise.

Cuireadh críoch le forfheidhmiú mórchláir oiliúna sa Roinn uile, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004, i Meitheamh na bliana 2005 nuair a chuir foireann na Roinne sraith

tionscadal i láthair. Ba léir gur cleachtadh rathúil fiúntach a bhí sna tionscadail a rinneadh mar chuid den chlár oiliúna. Tháinig sraith moltaí ar raon ábhar oibre astu atá anois faoi chúram líon áirithe grúpaí oibre sa Roinn. Forbraíodh agus tháinig feabhas ar raon scileanna lena n-áirítear oibriú i gcomhar, bainistíocht tionscadal, cur i láthair, scríobh tuarascálacha agus anailís taighde agus sonraí, mar thoradh ar an gclár oiliúna agus ar na tionscadail. Ba spreagadh é an clár oiliúna chun próiseas pleanála níos comhtháite a chur i bhfeidhm sa Roinn. Ina theannta sin, thug grúpa ar a raibh baill foirne den bhainistíocht shinsearach sa Roinn agus sna Gníomhaireachtaí aghaidh ar scrúdú mór a dhéanamh ar chomharghníomhaíochtaí sa Roinn agus i measc a Gníomhaireachtaí, de bharr ceann de na tionscadail oiliúna. Tá sraith moltaí curtha le chéile ag an ngrúpa sin a bhaineann le réimsí comhoibrithe idir earnáil na n-ealaíon, an spóirt agus na turasóireachta.

Tá Aonad Oiliúna na Roinne ag obair i gcomhar le hAonad Díláráithe na Roinne chun na riachtanais oiliúna a eascraíonn as an dílárú a mheas. Úsáidfear na hÁbhair Tacaíochta Gnó a d'fhorbair an Lárionad Forbartha um Bainistíocht agus Eagrúchán chun soiléiriú a dhéanamh ar na riachtanais oiliúna. Baineann ceann de na riachtanais oiliúna a aithníodh le scileanna scríbhneoireachta agus le cumarsáid éifeachtach scríofa le custaiméirí agus béim ar na seirbhísí a chuireann gach Rannóg ar fáil. Tá go leor ullmhúcháin déanta ar lámhleabhar a chur le chéile go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais scríofa agus ar na cleachtais i ngach Rannóg.

Tá tástálacha déanta ar an gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna nua agus tá sé i bhfeidhm anois go hiomlán. Táthar á chur i bhfeidhm go céimneach san Ard-Mhúsaem agus sa Leabharlann Náisiúnta ó Mhárta na bliana 2006.

### **Cuspóir 3**

#### **Córas bainistíochta agus rialaithe airgeadais a chothabháil chun tacú le cur i bhfeidhm chuspóirí/pholasaithe/sheirbhísí na Roinne.**

Lean an obair sa bhliain 2005 ar fhorfheidhmiú na Frámaíochta Bainistíochta Faisnéise. De bharr taighde leathan a rinne foireann inmheánach na Frámaíochta Bainistíochta

Faisnéise le linn 2004, chuir an Roinn tús le measúnú ar áis na Seirbhísí Roinnte Airgeadais a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar fáil i gCill Airne.

Aithníodh gurb í an tseirbhís an rogha eacnamaíoch is fiúntaí atá ar fáil maidir le córas bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm a bheadh oiriúnach chun an Fhrámaíocht Bainistíochta Airgeadais a chur ar fáil. Cuireadh tús leis an bpróiseas forfheidhmithe in Iúil na bliana 2004 agus cuireadh an córas i mbun oibre i Márta 2005.

Shínigh an dá Roinn Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i gCill Airne i mí an Mheithimh 2005. De réir na socruithe atá i bhfeidhm beidh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta fós freagrach as gach ceann dá freagrachtaí, bainistíocht airgeadais agus tuairisciú airgeadais agus beidh an Roinn Dlí agus Cirt i gCill Airne freagrach as seo amach as idirbheartaíochtaí airgeadais áirithe. Áirítear orthu sin próiseáil fhisiceach íocaíochtaí ar son na Roinne agus na Cartlainne Náisiúnta, lena n-áirítear an párolla agus íocaíochtaí foirne. Tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach chomh maith as cothabháil theicniúil an chórais airgeadais.

#### **Cuspóir 4**

#### **Comhshaol oibre sábháilte, deimhneach, cothrom agus tacúil a chur ar fáil do gach ball foirne.**

Bhí Coiste Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne gníomhach sa bhliain 2005 maidir le forfheidhmiú fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 go háirithe.

Ceapadh Ionadaithe Sábháilteachta Foirne agus cuireadh oiliúint orthu. D'aontaigh Coiste Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne go raibh sé de dhualgas ar na hIonadaithe Sábháilteachta Foirne iniúchtaí a dhéanamh ar áitreabh na Roinne go rialta agus go raibh siad le tuairiscí a chur faoi bhráid Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta/Cóiríochta na Roinne. Ina theannta sin déanann rannóg Sláinte agus Sábháilteachta/Cóiríochta na Roinne a monatóireacht rialta féin.

Rinneadh athbhreithniú ar phleananna aslonnaithe na Roinne agus tugadh cothrom le dáta iad sa bhliain 2005 agus cuireadh oiliúint ábhartha ar fáil do mhaoir tine agus d'oifigigh gharchabhrach. Cuireadh áiseanna breise aslonnaithe chomh maith le hoiliúint athnuachana ar fáil.

Cuireadh feabhas ar shaoráidí reatha stórála na Roinne agus tugadh teoracha don líne bhainistíochta agus don fhoireann ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go stóráiltear nithe go cuí agus go gcoinnítear bealaí agus pasáistí saor ó chonstaicí.

Cuireadh tús chomh maith le hathbhreithniú ar Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta reatha na Roinne, Áireofar leis seo measúnú riosca ar an stáisiún oibre, measúnú riosca ginearálta d'áitreabh na Roinne agus Ráiteas Sábháilteachta cothrom le dáta do 2006.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn go mbeadh comhshaol oibre dearfach, sábháilte ag an bhfoireann agus go mbeadh sí níos mó ar an eolas faoi shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta.

Tá an Roinn mar fhostóir tiomanta go hiomlán maidir le forfheidhmiú na bpolasaithe a chinntíonn comhdhiseanna do gach uile dhuine. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí comhionannais agus tugadh cothrom le dáta é sa bhliain 2005 agus d'oibrigh an Roinn leis an Údarás Comhionannais i dtuarascáil ar ghéilliúntas i leith riachtanais chomhionannais a ullmhú agus polasaithe á leagan amach agus cláir á bhforfheidhmiú.

Sháraigh an Roinn an sprioc de 40% a bhí leagtha amach aici maidir le mná a fhostú i ngrád an Phríomh-Oifigigh agus an sprioc de 3% a bhí leagtha amach aici maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

Cuireadh polasaithe ar Bhulaíocht agus ar Chiapadh agus ar úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus an Idirlín i bhfeidhm chomh maith sa bhliain 2005.

## Aguisín 1 Na hEalaíona, An Cultúr agus Na Scannáin

### Spríoc Ardleibhéil

Comhshaol a chruthú a chabhraíonn le borradh a chur faoi na healaíona agus faoin gcultúr trí fhrámaíocht reachtaíochta, polasaí agus acmhainní chuí a chur ar fáil.

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
1	Na forálacha den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Aon idirbheartaíocht atá fágtha le críochnú, a chríochnú i gcomhar leis an Aonad Acmhainní Daonna, leis na Ceadchumainn</li> <li>Próisis roghnachais agus ceapachán bhallaíochta an Bhoird a chríochnú.</li> <li>Idirbheartaíochtaí a thosú le Boird reachtúla i dtaca le feidhmiú na coda deireanaí (tús le córas ceadúnaithe easpórtála i ndáil le Mínealaín, san áireamh).</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Na codanna ábhartha den Acht um Fhorais Chultúir curtha i bhfeidhm, Boird reachtúla á mbunú don Ard-Mhúsaem agus don Leabharlann Náisiúnta, sa chéad leath de 2005</li> <li>Boird nua reachtúla socraithe agus ag feidhmiú ar an gcaighdeán is airde i dtaca le rialachas corparáideach tar éis an dáta bhunaithe.</li> <li>Comhlánú comhaontaithe na n-acmhainní socraithe agus aistriú céimnithe na bhfeidhmeanna riaracháin ón Roinn (go lár-2005).</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Féinrialú sa bhreis ag na Forais chun dul i mbun gnóthaí ó lá go lá.</li> <li>Na Forais a bheith ag freastal ar na dualgais reachtúla ábhartha go léir atá leagtha síos san Acht.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
2	<b>Athbhreithniú ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus ceist stádas féinrialaithe na Cartlainne Náisiúnta san áireamh.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú iomlán ar bhonn Rannóige.</li> <li>Plécháipéis a dhréachtú agus grúpa fócais a bhunú.</li> <li>Dul i gcomhairle le húsáideoirí na Cartlainne.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú inmheánach críochnaithe, agus an gaol idir Acht 1986 agus reachtaíocht na Saorála Faisnéise tugtha san áireamh.</li> <li>Moltaí curtha i dtoll a chéile tríd an bpróiseas comhairliúcháin, agus comhaontú faighte orthu.</li> </ul>	Cinneadh deireanach déanta maidir le cur chuige i dtaca le reachtaíocht.
3	<b>Athbhreithniú ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ).</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Faoi réir chead an Aire straitéis nua do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a chur i bhfeidhm bunaithe ar mholtaí ón athbhreithniú comhairliúcháin ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.</li> </ul>	Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a athbhunú faoi réir sainchúram comhaimseartha agus rialachais.	Seirbhísí a bheadh ábhartha dá pháirtithe leasmhara a bheith á gcur ar fáil ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
4	<b>Déantús scannán a spreagadh agus a chur chun cinn in Éirinn.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhaontuithe déthaobhacha comhtháirgthe a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2005 nuair a mheastar iad a bheith úsáideach.</li> <li>Comhaontú leis na Coimisinéirí loncaim faoi fheidmiú éifeachtach paraiméadar Alt 481 den scéim.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhaontuithe déthaobhacha socraithe faoi dheireadh 2005.</li> <li>Tús curtha le Deimhniú ag na Coimisinéirí loncaim ar threoir ón Roinn seo de réir na forála san Acht Airgeadais 2004.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ardú tagtha ar dhéantús scannán in Éirinn agus iad déanta ag scannánóirí Éireannacha.</li> <li>An scéim ag feidhmiú faoi mar atá riachtanais réasúnta sa tionscal.</li> <li>An mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an scéim laghdaithe.</li> </ul>
5	<b>Tacú lena thuilleadh forbartha in infreastruchtúr na n-ealaíon agus an chultúir.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Clár comhaontaithe a sheachadadh faoin Scéim Tacaíochta Caipitil do na hEalaíona agus don Chultúr (ACCESS)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cistí tarraingthe anuas do thionscadail atá ceadaithe laistigh de chritéir chomhaontaithe.</li> <li>Na tionscadail curtha i gcrích agus ag feidhmiú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fáil níos mó a bheith ar infreastruchtúr ealaíon agus an chultúir sa tír de réir mar a chuirtear na tionscadail i bhfeidhm.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>Moltaí a chur i dtoll a chéile don scéim nua.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cead d'aon chlár nua le fógairt taobh istigh de thrí mhí ón dáta deiridh ar a raibh iarratais le bheith istigh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Táthar ag súil le cinneadh maidir le scéim nua sa chéad leath de 2006.</li> </ul>
<b>6</b>	<b>Éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht na meicníochtaí seachadta i dtaca le tacaíocht Stáit do na healaíona agus don chultúr a fheabhsú trí struchtúir éagsúla na nGníomhaireachtaí Stáit.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leithdháileadh cuí ar acmhainní do chomhlachtaí na n-ealaíon agus an chultúir a chinntiú faoi réir socruithe córa rialachais chorparáidigh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Soláthar acmhainní faighte ag comhlachtaí Ealaíon agus Cultúir agus é curtha ar a gcumas cuspóirí polasaí a chur i gcrích.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhlachtaí Ealaíon agus Cultúir ag cur a rólanna comhaontaithe i gcrích.</li> </ul>
<b>7</b>	<b>An Amharclann Náisiúnta a thógáil arís.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Dul i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le hAmharclann na Mainistreach i dtaca le roghnú agus ceannach suímh.</li> <li>Dearadh amharclainne a bheadh fiúntach d'amharclann náisiúnta, a dhaingniú agus an maoiniú riachtanach agus gach cead eile a fháil.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Suíomh ceannaithe a thagann le coimre chóiríochta na hAmharclainne agus sceideal na hathfhorbartha fógartha.</li> <li>Conradh don áitreabh nua ligthe amach.</li> <li>Struchtúir nua chúí i ndáil le rialachas corparáideach socraithe d'Amharclann na Mainistreach.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá athfhorbairt na hAmharclainne Náisiúnta faofa ag an Rialtas ag Duga Sheoirse, suíomh a bhí ofráilte ag Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.</li> <li>Táthar ag déanamh scrúdú ar roghanna Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí d'fhorbairt na hamharclainne nua.</li> <li>Tá struchtúir nua rialachais chorparáidigh curtha i bhfeidhm.</li> </ul>
<b>8</b>	<b>Tacú le Cultúr Éireann.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhaontú a fháil ar phlean straitéiseach chun freastal ar a shainchúram.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhlacht nua réidh dá chuspóir.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Taispeánadh breisithe na n-ealaíon Éireannach faoi réir tosaíochtaí réamhbheartaithe.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
<b>9</b>	<b>Forbairt straitéiseach fhadtéarmach an Cheolárais Náisiúnta a éascú.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cead an Rialtais a fháil i leith cheannach suímh Ardán Phort an Iarla atá ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi láthair.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cead an Rialtais ar chás na hathfhorbartha faoi chomhaontú na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí.</li> <li>Idirbheartaíochtaí rathúla idir an Roinn/Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le haistriú suímh Ardán Phort an Iarla chuig an Stát.</li> <li>Athfhorbairt chéimnithe ar an suíomh chun freastal ar riachtanais na n-ealaíon léirfheidhmeach agus an Cheolárais Náisiúnta.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Saoráid chomhaimseartha ealaíon léirfheidhmeach den scoth comhionann leo siúd i bpríomhchathracha eile an AE, go háirithe don cheol siansach.</li> <li>Figiúirí don líon daoine ag freastal ar an tsaoráid nua ardaithé.</li> <li>Aitheantas idirnáisiúnta do chaighdeán na saoráide nua agus tagairt faoi leith don chaighdeán fuaimiúil do léirfheidhmiú an cheoil shiansaigh.</li> </ul>
<b>10</b>	<b>Saoráidí stórála/taispeántais sna Forais Chultúir Náisiúnta a mheas agus meastóireacht a dhéanamh orthu.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuarascáil a chur le chéile ina measfaí an gá le, agus a dhlisteanáí is a bheadh, saoráidí feabhsaithe i bhfianaise scothchleachtas idirnáisiúnta.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Saoráidí feabhsaithe stórála/taispeántais.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cosaint bhreisithe ar nithe cultúrtha agus rochtain chucu as a dtiocfaidh ardú ar líon na gcuairteoirí.</li> </ul>
<b>11</b>	<b>Spreagadh a thabhairt do na Forais Bhailiúcháin Náisiúnta saothair ealaíon agus nithe cultúrtha a cheannach.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Moltaí a chur i dtoll a chéile i ndáil le leanúint den Chiste Oidhreachta agus Alt 1003 den fhaoiseamh cánach a choimeád.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An dá scéim socraithe agus in úsáid go gníomhach chun nithe oidhreachta a mheastar gurb iad an scoth dá gcineál iad, a cheannach.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Saothair ealaíon ró-oírirc agus nithe cultúrtha ceannaithe chun cur leis na bailiúcháin náisiúnta.</li> </ul>

## Aguisín 2 Spórt

### Spríoc Ardleibhéil

Ról an spóirt i gcothú stíleanna folláine maireachtála a aithint, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do spéis mhéadaithe agus do rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt, caighdeán an tsaothraithe sa spórt a fheabhsú agus saoráidí spóirt a fhorbairt ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, trí fhrámaíocht chuí polasaí agus acmhainní.

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
1	Úsáid na gcisté poiblí a éascú chun rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíocht spóirt a chur chun cinn.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Maoiniú agus treoir i leith polasaí a chur ar fáil do Chomhairle Spóirt na hÉireann.</li> <li>Athbhreithniú iomlán ar na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt atá ann.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Táscairí feidhmiúcháin ar fhorbairt spóirt agus ar chur chun cinn aimsithe agus soiléirithe sna Pleananna Straitéiseacha agus i dTuarascálacha Bliantúla Chomhairle Spóirt na hÉireann.</li> <li>Athbhreithniú ar na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt críochnaithe sa bhliain 2005.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leibhéil rannpháirtíochta ag gach aois méadaithe i gcúrsaí spóirt rud a chuidíonn le stíleanna maireachtála níos folláine.</li> <li>An iarracht dheonach i gcúrsaí spóirt in Éirinn mar a bhí.</li> <li>Leibhéil an tsaothraithe ag feabhsú.</li> </ul>
2	Soláthar saoráidí spóirt agus caithimh aimsire a éascú ar bhonn náisiúnta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seachadadh éifeachtach agus feidhmiúil an Chláir Chaipitil Spóirt.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Iarrtar iarratais go bliantúil. 1362 iarratas faighte sa bhliain 2005.</li> <li>Cuirtear measúnuithe agus moltaí faoi bhráid an Aire taobh istigh de thrí mhí de dháta deiridh an iarratais.</li> <li>Íoctar na deontais faoin gClár go tráthúil agus go héifeachtach. 645 deontas tugtha agus €63,2 milliún bronnta sa bhliain 2005.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leibhéil rannpháirtíochta ag gach aois méadaithe i gcúrsaí spóirt.</li> <li>An iarracht dheonach i gcúrsaí spóirt in Éirinn, coinnithe, aitheanta agus tacaíocht faighte aici.</li> <li>Leibhéil saothraithe ardaithe trí rochtain chuig áiseanna cúí.</li> <li>Iarrthóirí deontais níos mó ar an eolas agus ag cloí níos mó leis na coinníollacha a bhaineann le deontais a fháil.</li> </ul>

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbheithniú iomlán ar Chaiteachas an Chláir Chaipitil Spóirt.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbheithniú Caiteachais déanta sa bhliain 2005.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Faisnéis sa bhreis as a dtagann éifeachtúlacht níos fearr i bhfeidhmiú an Chláir Chaipitil Spóirt.</li> <li>Bainistiú níos éifeachtaí ar an gclár.</li> </ul>
		<ul style="list-style-type: none"> <li>Scrúdú rialta ar thionscadail d'fhonn riarachán, an próiseas déanta cinntí agus leibhéal ghéilliúlachta a bhreisiú.</li> <li>Riarachán Faoisimh Chánach ar thabhartais do scéim na dtionscadal caipitil spóirt.</li> <li>Seachadadh éifeachtach agus feidhmiúil Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Íosmhéid de 40 tionscadal ionadaíoch ar 5% ar a laghad d'íocaíochtaí deontais á scrúdú in aghaidh na bliana.</li> <li>Gach iarratas faoin scéim próiseáilte go tráthúil agus go héifeachtach.</li> <li>Deontas i gcabhair de €14.1 milliún curtha ar fáil lena n-áirítear oscailt trí linn snámha, cabhair deontais tugtha do 5 thionscadal chun tús a chur leis an obair thógála.</li> <li>Cáipéisí conartha faofa i gcomhair 8 dtionscadal linnte snámha agus faofa faighte ag 10 dtionscadal i gcomhair Réamhthuarascálacha/Tuarascálacha Féidearthachta</li> <li>Comhoibriú níos dlúithe bainte amach leis an gClár Caipitil Spóirt ar iarratais thionscadal linnte snámha na nÚdarás Áitiúil le linn clár 2005.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Iarrthóirí deontais níos mó ar an eolas agus ag cloí níos mó leis na coinníollacha a bhaineann le deontais a fháil.</li> <li>Líon sa bhreis de linnte snámha in aghaidh an duine bainte amach.</li> <li>Feabhsú ar an úsáid a bhaintear as linnte snámha poiblí.</li> </ul>
		<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbheithniú iomlán ar Chaiteachais Chlár na Linnte Snámha.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbheithniú ar Chaiteachas Chlár na Linnte Snámha tosaithe le linn 2005.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An clár a chur i bhfeidhm níos éifeachtaí.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Straitéis nua do shaoráid spóirt a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.</li> <li>• Iniúchadh náisiúnta ar shaoráidí áitiúla spóirt a chríochnú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach bunaithe sa bhliain 2005.</li> <li>• Próiseas comhairliúcháin déanta leis na comhlachtaí poiblí agus le príomhchomhlachtaí eile a bhaineann le saoráidí spóirt a chur ar fáil.</li> <li>• Ábhar agus próiseas an iniúchta comhaontaithe in 2005.</li> <li>• Tús curtha le taifid ar shaoráidí spóirt náisiúnta agus réigiúnach a chur i dtoll a chéile.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Deiseanna sa bhreis ag gach uile aois a bheith rannpháirteach i gcúrsaí spóirt.</li> <li>• Breis rannpháirtíochta i gcúrsaí spóirt ag gach uile aois.</li> <li>• Leibhéil saothraithe a fheabhsú trí theacht a bheith ar na saoráidí cúí.</li> <li>• Cur chuige níos straitéisí ar an maoiniú a chuirfidh an Rialtas ar fáil i gcomhair saoráidí spóirt sa todhchaí.</li> </ul>
3	<b>Athfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún agus forbairt champais saoráidí spóirt ag Baile an Aba a éascú agus forbhreathnú a dhéanamh orthu.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Riarachán ar mhaoiniú Chuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdún, go tráthúil agus go héifeachtach, le cuidiú Oifig na nOibreacha Poiblí ós iad comhairleoirí teicniúla na Roinne iad, faoi réir fhorálacha an Chomhaontaithe Dhlíthiúil a shínigh na comhpháirtithe uile.</li> <li>• A chinntiú, trí Ghrúpa Stiúrtha an Staidiam, go gcoinnítear an fhorbairt ag dul ar aghaidh de réir na bpleananna agus go gcuirtear cabhair ar fáil nuair a bhíonn deacrachtaí ann.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Maoiniú curtha ar fáil taobh istigh d'fhrámaíocht shásúil íocaíochta, a thiocthadh leis an leibhéal forbartha atá glactha ag Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdún uirthi féin.</li> <li>• Sheol an tAire dearadh nua an staidiam sa bhliain 2005 agus tá an t-iarratas pleanála curtha i gcrích.</li> <li>• Tacaíocht curtha ar fáil de réir mar a bhí gá.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Líon áiteanna sa bhreis agus saoráidí nua-aimseartha i Staidiam athfhorbartha Bhóthar Lansdún a mbainfeadh an lucht féachana tairbhe níos fearr as agus a d'ardódh próifíl gach spóirt a ndéanfaí freastal air ansin.</li> <li>• Breis feasachta ag gach aois faoi thábhacht na rannpháirtíochta sa spórt.</li> </ul>

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Moltaí a chur isteach chun comhaontú an Rialtais a dhaingniú i leith Champas Spóirt Bhaile an Aba.</li> <li>• Forbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo a bhunú ar bhonn reachtúil, mar chomhlacht a bhfuil sé de chúram air clár saoráidí an Champais Spóirt a sheachadadh.</li> <li>• Clár maoinithe rialaithe agus éifeachtach a shocrú.</li> <li>• Maoirsiú a dhéanamh ar sheachadadh chlár saoráidí Fhorbairt Champas agus Staidiam Éireann.</li> <li>• An fhéidearthacht atá ann i gcomhair codanna leanúnacha forbartha a mheas m.sh. áiréine le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach, ceanncheathrú eagraíochtaí Spóirt a fhorbairt.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár socraithe do sheachadadh raon saoráidí mar atá comhaontaithe ag an Rialtas. Maoiniú i gClúdach Caipitil na Roinne do 2006-2010.</li> <li>• Chuir Forbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo. tús leis an bpróiseas praiticiúil chun mórchláir de shaoráidí spóirt a chur ar fáil i mBaile an Aba.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Deiseanna sa bhreis ag gach uile aois a bheith rannpháirteach i gcúrsaí spóirt.</li> <li>• Breis rannpháirtíochta i gcúrsaí spóirt ag gach uile aois.</li> <li>• Deiseanna oiliúna agus leibhéil saothraithe lúthchleasaithe den scoth a fheabhsú.</li> </ul>

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
4	Tacú le forbairt na hEarnála Capall agus Con in Éirinn.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Caidreamh leanúnach le Rásaíocht Chapall Éireann agus le Bord na gCon maidir le feidhmiú fhorálacha na reachtaíochta i ndáil le rásaíocht chapall agus chon, go speisialta, An tAcht um Rásaíocht Chapall agus Chon, 2001.</li> <li>Tacú le Rásaíocht Chapall Éireann agus le Bord na gCon i bhforfheidhmiú a gCláir Forbartha Caipitil.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leagann tuarascálacha bliantúla Rásaíocht Chapall Éireann agus Bhord na gCon amach na leibhéil feidhmiúcháin a bhfuiltear á gcomhlíonadh agus na táscairí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Méadú ar leibhéal freastail ag Cruinnithe Rásaíochta Capall agus Raonrásaíochta Con.</li> </ul>
5	Freastal ar fhreagrachtaí na Roinne i dtaca le saincheisteanna spóirt arna éileamh ag an Aontas Eorpach, ag an gComhairle Eorpach agus ag an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag cruinnithe agus aird a thabhairt ar shaincheisteanna a ardaítear agus iad a mheas.</li> <li>An caidreamh leis an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála, leis an gComhairle Eorpach agus le Comhairle Spóirt na hÉireann a choinneáil sa siúl faoi shaincheisteanna frithdhópála.</li> <li>Cuidiú le forbairt an Choinbhinsiúin Dhomhanda Frithdhópála faoi UNESCO.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Freastal leanúnach ar an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála, ar an AE agus ar an gComhairle Eorpach faoi shaincheisteanna frithdhópála agus faoi shaincheisteanna idirnáisiúnta eile.</li> <li>Cur chuige comhordaithe ar shaincheisteanna a bhaineann le spóirt agus saincheist na frithdhópála san áireamh.</li> <li>Ghlac an 33ú seisiún de Chomhdháil Ghinearálta UNESCO Coinbhinsiún Domhanda Frithdhópála UNESCO chuici féin i nDeireadh Fómhair 2005.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Eolas níos forleithne faoi riarachán polasaí spóirt ar fud na hEorpa.</li> <li>Polasaí spóirt agus spéiseanna na hÉireann cumhdaithe sna fóraim idirnáisiúnta.</li> </ul>

## Aguisín 3 Turasóireacht

### Spríoc Ardleibhéil

Tacú le forás inbhuanaithe thionscal na turasóireachta agus cuidiú leis aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chomórtais trí raon de ghníomhartha agus de chlár polasaí a fhorbairt, a fheidhmiú agus trí thionchar a imirt orthu chun an leas is fearr a bhaint as buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta na hearnála d'Éirinn.

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
1	<p><b>Cur i bhfeidhm na straitéise d'fhorbairt inbhuanaithe thurasóireacht na hÉireann 2003-2012 a éascú mar atá leagtha amach i dTuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Pholasaí na Turasóireachta.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Rúnaíocht agus tacaíocht a sholáthar do Ghrúpa Forfheidhmithe Phlean Gnímh na Turasóireachta.</li> <li>Monatóireacht a dhéanamh ar agus tionchar a bheith ar shaincheisteanna agus clár polasaí eile a bhaineann le forbairt inbhuanaithe na turasóireachta.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Críochnaíodh agus foilsíodh tuarascáil dul chun cinn in Aibreán 2005 ar chur i bhfeidhm Phlean Gnímh na Turasóireachta, lena n-áirítear measúnuithe ar na gníomhartha a chuir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha i bhfeidhm. Tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.</li> <li>Tionóladh Fóram Bliantúil Thionscal na Turasóireachta chun tuairisciú ar ais don earnáil faoi dhul chun cinn agus chun tosaíochtaí don todhchaí a leagan amach i mí na Samhna 2005 agus labhair an Taoiseach agus an tAire aige.</li> <li>Rinneadh athbhreithniú, ag cruinnithe míosúla Ghrúpa Forfheidhmithe Phlean Gnímh na Turasóireachta, ar an dul chun cinn a rinneadh ar an bplean agus chuathas i mbun cainteanna struchtúrtha ag leibhéal sinsearach le raon de Ranna agus comhlachtaí eile a mbíonn tionchar ag a ngníomhaíochtaí ar chlár forbartha na turasóireachta.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Réimse de pholasaithe maicreacnamaíocha agus polasaí eile Rialtais a thugann tacaíocht don turasóireacht, a bhreisíonn an comhshaol gnó ina mbeadh borradh faoi earnáil nuálach turasóireachta.</li> <li>Cur chuige “uile Rialtais” i leith fhorbairt na turasóireachta trína léirítear go cuí na tosaíochtaí agus na ceisteanna a d'aithin tionscal na turasóireachta i straitéisí Ranna agus gníomhaireachtaí eile.</li> <li>Feidhmiúchán turasóireachta na hÉireann: <ul style="list-style-type: none"> <li>i gcomhlíonadh na spríocanna fáis a leagadh agus</li> <li>mar earnáil do dheiseanna infheistíochta, earnáil nuálach agus fiontraíochta agus</li> <li>mar ionstraim d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Rialtais ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.</li> </ul> </li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
2	Éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht na meicníochtaí seachadta do thacaíocht an Stáit i leith na turasóireachta a fheabhsú trí struchtúir Ghníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leithdháileadh cuí acmhainní airgeadais agus foirne chuig Gníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit a chinntiú.</li> <li>A chinntiú go bhfuil socruithe cuí do rialachas corparáideach i bhfeidhm i leith na nGníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit.</li> <li>Socruithe maidir le seachadadh pholasaí na turasóireachta a mheas agus a fheabhsú ag leibhéal fonáisiúnta.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Saoráidí curtha ar fáil agus curtha ar chumas na nGníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit cuspóirí an pholasaí a sheachadadh de bharr méadú de 13% (€124 milliún) sa bhliain 2005 agus de 14% (€142 milliún) sa bhliain 2006 i vóta Sheirbhísí na Turasóireachta.</li> <li>Aontú faighte ar shocruithe maidir le seachadadh an pholasaí turasóireachta ag leibhéal fonáisiúnta agus socruithe forais aitheanta i dtuarascáil chomhairliúcháin Price Waterhouse Coopers (PWC) agus ag Grúpa Athbhreithnithe Travers.</li> <li>Cead an Rialtais faighte i gcomhair socruithe nua forais ar bhonn réigiúnach in Iúil 2005.</li> <li>Aontú faighte ar bhonn Thuaidh – Theas ar mheabhrán leasaithe airgeadais do Tourism Ireland sa bhliain 2005 a thug na scothchleachtais a bhain le rialachas corparáideach sa dá dhlínse le chéile.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá na Gníomhaireachta Turasóireachta Stáit agus Údaráis Réigiúnacha na Turasóireachta ‘oiriúnach don fheidhm’ agus tá siad ag cur a rólanna forbartha aontaithe i leith na turasóireachta i bhfeidhm.</li> <li>Cur chuige “uile réigiún” i leith fhorbairt na turasóireachta trína léirítear go cuí na tosaíochtaí agus na ceisteanna a d’aithin earnáil na turasóireachta i straitéisí gníomhaireachtaí agus gníomhairí eile áitiúla agus réigiúnacha.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
3	<p>A chinntiú go bhfuil na hacmhainní do mhargaíocht agus do chur chun cinn na turasóireachta, d'fhorbairt na n-acmhainní daonna agus d'fhorbairt táirgí imlonnaithe chomh mór is is féidir é d'fhonn cuspóirí agus na moltaí a leagadh amach sa Chlár Comhaontaithe don Rialtas, sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus i dTuarascáil Athbhreithnithe Pholasáí na Turasóireachta a chur i bhfeidhm.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>A chinntiú go léiríonn Pleananna Gnó agus Corparáideacha agus cláir feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí Turasóireachta Stáit go cuí cuspóirí an pholasaí agus go ndéantar athbhreithniú orthu d'fhonn cúinsí a bhíonn ag athrú agus cuspóirí a bhaineann le 'luach ar airgead' a léiriú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>D'fhoilsigh Tourism Ireland agus Fáilte Ireland cuspóirí an pholasaí a bhí le fáil sna Pleananna Corparáideacha agus Gnó sa bhliain 2005.</li> <li>Straitéis nua Forbartha Acmhainní Daonna Fáilte Ireland críochnaithe agus seolta i mBealtaine 2005.</li> <li>11,000 duine as tionscal na turasóireachta ag glacadh páirte i gcláir oideachais agus oiliúna tacaíthe ag Fáilte Ireland.</li> <li>Comhlíonadh na spriocanna caiteachais a leagadh amach d'oiliúint ar thurasóireacht agus do bhearta fostaíochta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta sa bhliain 2005.</li> <li>Rinneadh dul chun cinn ar chóras nua éigeantach rangaithe a dhréachtú d'Óstáin na hÉireann.</li> <li>Faomhadh faighte do dheontais de bheagnach €40 milliún a rinneadh i dtaca le 51 tionscadal maidir le forbairt na turasóireachta faoi dheireadh 2005.</li> <li>Bhunaigh Fáilte Ireland sainghrúpa sa bhliain 2005 chun taighde agus athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis nua forbartha do tháirge na turasóireachta agus í a ullmhú.</li> <li>Rinneadh obair ullmhúcháin ar mhargaíocht na turasóireachta a aithint, ar fhorbairt táirge agus ar fhorbairt acmhainní daonna i ndáil le riachtanais infheistíochta do 2006-2013.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Frámaíocht chuí polasaí i bhfeidhm don tréimhse 2006-2013 d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na hearnála sa todhchaí de réir na spriocanna.</li> </ul>

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil 2005

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Deireadh Chlár Oibriúcháin na Turasóireachta 1994-1999 a chinntiú.</li> <li>• Measúnú an tionscadail agus íostarraingt na gcistí faoi Scéim Forbartha um Tháirge Turasóireachta 2000-2006 críochnaithe.</li> <li>• Conclúid a fháil ar chonradh na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí do thógáil agus d'fhorbairt an Lárionaid Chomhdhála Náisiúnta.</li> <li>• Cuspóirí agus riachtanais a bhaineann le margaíocht agus le cur chun cinn, le forbairt acmhainní daonna agus le forbairt táirgí do 2006-2013 a scrúdú agus frámaíochtaí cuí tacaíochta polasaí a fhorbairt don tréimhse.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár Oibriúcháin na Turasóireachta 1994-1999 dúnta le linn 2005.</li> <li>• Seoladh feachtas margaíochta nua €50 milliún maidir le cinn scríbe domhanda turasóireachta i mí na Nollag 2005.</li> <li>• Seoladh sraith nua d'ábhair fógraíochta agus margaíochta turasóireachta i mí na Nollag 2005.</li> <li>• Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana chun an próiseas Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí a chur chun cinn chun Lárionad nua Comhdhála a thógáil i mBaile Átha Cliath faoi stiúir grúpa stiúrtha faoi chathaoirleacht na Roinne.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Scaipeadh réigiúnach na turasóireachta feabhsaithe agus breisiú ar bhonn tháirge na turasóireachta.</li> <li>• Lárionad Náisiúnta Comhdhála i bhfeidhm ag tacú le forbairt ghnó comhdhálacha agus cruinnithe.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
4	<b>An scóip do ghníomh comhoibritheach thar thrí réimse fheidhme na Roinne (.i. na healaíona agus an cultúr, an spóirt agus an turasóireacht) a aithint agus a chur chun cinn d'fhonn forbairt na n-earnálacha lena mbaineann a bhreisiú ar a leas go léir sa todhchaí.*</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Frámaíocht forfheidhmithe agus clár ama a bhunú d'fhonn moltaí do ghrúpa trasrannóige Roinne ar chomhar-ghníomhaíochtaí a chur chun cinn.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa forfheidhmithe comharghníomhaíocht aí bunaithe in 2005 chun na socruithe agus na tairbhí ionchasacha a bhainfeadh le comhoibriú breisithe in earnáil na n-ealaíon, an spóirt agus na turasóireachta a scrúdú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht na gcomhar-ghníomhaíochtaí thar na trí réimse fheidhme atá ag an Roinn.</li> </ul>

\* Is cuspóir Trasrannóige é seo.

## Aguisín 4 Seirbhísí Corparáideacha

### Spríoc Ardleibhéil

Athrú eagraíochtúil agus acmhainní a bhainistiú d'fhonn seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus d'fhonn an polasaí dláraithe a chur i bhfeidhm.

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
1	<b>Seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An próiseas de sheirbhís na gcustaiméirí a cheangal isteach le gach gníomhaíocht laethúil de chuid na Roinne, a chríochnú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá táscairí feidhmiúcháin ceangailte leis an Roinn agus déanann an Coiste Comhpháirtíochta athbhreithniú orthu.</li> <li>Rinneadh leasú agus athscríobh iomlán ar Threoirlínte agus ar fhoirm Iarratais an Chláir Chaipitil Spóirt i gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh chun iad a dhéanamh níos éasca le húsáid.</li> <li>Rinne baill foirne líon áirithe cur i láthair ag cruinnithe poiblí a d'eagraigh údaráis áitiúla, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus araile chun custaiméirí a chur níos mó ar an eolas faoin gClár agus chun comhairle agus treoir a thabhairt.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cuireadh bunachar sonraí cuimsitheach, uile-oileáin turasóireachta do thurasóirí i gcríoch.</li> <li>Cuireadh foirmeacha a bheadh níos éasca ag an gcustaiméir le húsáid i dtoll a chéile agus tugadh níos mó eolais do chustaiméirí maidir leis an bpróiseas a bhaineann leis na deontais chaipitil spóirt.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Éiteas, nósanna imeachta, cleachtas agus scileanna na seirbhíse don chustaiméir a chur faoi bhráid gach ball foirne nua i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an díláraithe.</li> <li>• Scéim na Gaeilge a bhunú de réir alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus de réir na dTreoirínte ullmhaithe faoi alt 12 den Acht céanna.</li> <li>• Teicneolaíocht na Faisnéise a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn seachadadh chuspóirí agus mhisean na Roinne a thacú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá an t-aonad oiliúna agus an t-aonad díláraithe ag obair go dlúth lena chéile go leanúnach chun na riachtanais oiliúna a eascraíonn as an bpróiseas díláraithe a mheas lena n-áirítear an gá atá ann éiteas an chustaiméara a chur ina luí ar bhaill nua foirne.</li> <li>• Tá raon tiomantas maidir le seirbhísí feabhsaithe Gaeilge a chur ar fáil i Scéim na Roinne faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.</li> <li>• Dearadh foirm iarratais nua bunaithe in MS Word agus cuireadh ar fáil do chustaiméirí í don Chlár Caipitil Spóirt 2006.</li> <li>• Rinneadh athdhearadh ar shuíomh gréasáin na Roinne agus seolfar suíomh gréasáin nua i Márta na bliana 2006.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Forbairt leanúnach maidir le baill foirne nua agus caighdeán na seirbhísí don chustaiméir a choinneáil mar atá le linn an phróisis díláraithe.</li> <li>• Teacht níos éasca ar sheirbhísí na Roinne dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge.</li> <li>• Suíomh gréasáin na Roinne a bheith níos éasca ag úsáideoirí le húsáid.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
		<ul style="list-style-type: none"> <li>Polasaithe na Sochaí Faisnéise agus na Seirbhíse ríomhPhoiblí a neadú in eagraíocht agus i bpleanáil na Roinne.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá tús áite le tabhairt ag na Gníomhaíochtaí Turasóireachta do polasaí ríomh-mhargáíochta den scoth comhtháite a bheadh sofhreagrach don mhargadh</li> </ul>	
<b>2</b>	<b>Ábaltacht agus solúbthacht eagraíochtúil agus indibhidiúil a uasmhéadú agus dílárú a chur i bhfeidhm.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Frámaíocht agus nósanna imeachta nua a fhorbairt do phróiseas pleanála gnó na Roinne (lena n-áirítear an Córas Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha).</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne 2003 – 2005 i bhfianaise na n-athruithe reachtacha, chorparáidiú na bhForas Cultúir agus an díláraithe.</li> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar na Struchtúir Chomhpháirtíochta de bharr chorparáidiú na bhForas Cultúir agus dílárú á chur san áireamh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Frámaíocht agus nósanna imeachta nua aontaithe agus curtha i bhfeidhm.</li> <li>Tús curtha le hathbhreithniú ar straitéis na nAcmhainní Daonna agus táthar ag súil go mbeidh sí críochnaithe faoi Lúnasa 2006.</li> <li>Tús curtha le hAthbhreithniú i san fhómhar. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi Mhárta 2006.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Próiseas pleanála gnó níos comhtháite i bhfeidhm.</li> <li>Atmaisféar feabhsaithe sa Roinn maidir le hacmhainní daonna.</li> </ul>

	Cuspóir	Gníomh	Táscairí Feidhmiúcháin	
			Aschuir	Toradh
